
# Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

## Plean Straitéiseach 2009—2014



TRINITY COLLEGE DUBLIN
COLÁISTE NA TRÍONÓIDE, BAILE ÁTHA CLIATH
THE UNIVERSITY OF DUBLIN

# Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| | *Brollach an Phropaist* | *iii* |
| | *Luachanna* | *iv* |
| | *Fís agus Misean* | *v* |
| | *Achoimre Fheidhmeach* | *vii* |
| **01** | **Straitéis Choláiste na Tríonóide don Todhchaí** | **1** |
| | An Cur Chuige Straitéiseach | 2 |
| | An Comhthéacs Seachtrach | 3 |
| **02** | **Oideachas** | **7** |
| | Sármhaitheas sa teagasc agus san fhoghlaim | 8 |
| | Oideachas Fochéime | 9 |
| | Oideachas Iarchéime | 10 |
| | Foghlaim ar feadh an tsaoil | 11 |
| **03** | **Giniúint agus Aistriú an Eolais** | **13** |
| | Taighde agus léann | 14 |
| | Cruthaitheacht agus nuálaíocht | 21 |
| | Fiontraíocht agus fiontar | 21 |
| **04** | **Eispéireas na Mac Léinn** | **23** |
| | Eispéireas saoil | 25 |
| | Idirghníomhaíochtaí oideachasúla | 26 |
| | Idirghníomhaíochtaí tacaíochta | 26 |
| **05** | **Rannpháirtíocht sa tSochaí** | **29** |
| | For-rochtain san oideachas agus sa taighde | 30 |
| | Rannpháirtíocht níos leithne sa chultúr agus sa saol poiblí | 31 |
| **06** | **An Straitéis a Chumasú** | **33** |
| | Daoine | 34 |
| | Áit | 35 |
| | Faisnéis agus an Leabharlann | 37 |
| | Airgeadas | 38 |
| | Rialachas | 39 |
| | Cumarsáid | 39 |
| **07** | **An Straitéis a Chur i bhFeidhm** | **41** |
| **08** | **Buíochas** | **45** |



# Brollach an Phropaist

**Díríonn dara plean straitéiseach Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ar an tréimhse 2009 go dtí 2014. Nuair a bhí misean agus spriocanna na hollscoile á gcur in iúl againn, choinníomar i gcuimhne go gcaithfí riachtanais na mac léinn agus na sochaí amach anseo a chur san áireamh, ach gan radharc a chailliúint ar na luachanna a sheas leis an gcoláiste anuas tríd na mblianta.**

I bplean straitéiseach deiridh Choláiste na Tríonóide (2003 go dtí 2008), díríodh ar fhorbairt na sármhaitheasa i gcúrsaí taighde agus oideachais iarchéime a dhéanfaidh comhlánú ar an gclár bunchéime agus eispéireas dearfach na mac léinn atá ann le fada an lá. Lena chois sin, rinneamar athstruchtúrú cuimsitheach ar na haonaid acadúla agus ar mheicníocht dáilte na n-acmhainní mar ullmhúchán do thimpeallacht atá níos dúshlánaí agus atá ag athrú go tapa. De réir gach méadrach, d'éirigh lenár bplean maidir le comhdhlúthú a dhéanamh ar sheasamh na hollscoile mar ollscoil atá stiúrtha ag taighde agus ceannródaíoch sa réimse oideachais agus taighde ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

I bplean straitéiseach nua Choláiste na Tríonóide (2009 go dtí 2014), táimid ag tógáil ar rudaí atá bainte amach go dáta trí chur chuige cothromaithe i ndáil le cúrsaí oideachais, taighde agus nuálaíochta. Áirítear réimse tábhachtach an aistrithe eolais i ngné nuálaíochta ár bplean, ach leagtar béim ar an nuálaíocht freisin sna próisis ar fad atá idir láimhe—ag socrú spriocanna níos uaillmhianaí dár bhfeidhmíocht bhunchéime, ag claochlú oideachais iarchéime agus an aistrithe eolais, ag comhdhlúthú agus ag scálú na láidreachtaí agus tionchair an taighde, ag tabhairt faoi chomhaontuithe ceannródaíocha nua, tábhacht na rannpháirtíochta ardchaighdeáin leis an bpobal áitiúil agus níos leithne a thabhairt chun tosaigh, agus luach ar airgead a sheachadadh trí bhainistíocht agus rialachas maith.

Tá cur chuige ar leith á ghlacadh againn i ndáil le pleanáil straitéiseach. Mar thoradh ar chomhairliúchán forleathan sa Choláiste, tá ardchaighdeáin ag baint leis an bplean a chuirtear i láthair, a leagann amach mianaidhmeanna agus spriocanna deashainithe na hollscoile ina hiomláine. Leanfar ina dhiaidh sin le plean mionsonraithe forfheidhmithe a d'fhorbair na Scoileanna agus na Seirbhísí Lárnacha, agus a dhéanfaidh cur síos ar na céimeanna sonracha ar leith chun na spriocanna ardleibhéil a sheachadadh.

Tá caighdeán na mball foirne, na mac léinn agus na n-alumni i gColáiste na Tríonóide ar cheann de mhórláidreachtaí na hinstitiúide. Creidimid go gceadóidh an cur chuige déchéime seo do gach ball dár bpobal a bheith rannpháirteach sa phróiseas ar bhealach suntasach chun an ollscoil seo a neartú mar cheann de phríomh-ollscoileanna an domhain.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don Ollamh Patrick Prendergast, Leas-Phropast agus Príomhoifigeach Acadúil, as ucht na maoirseachta atá déanta aige ar an bplean nua ón gcoincheap go dtí an saothar críochnaithe, agus buíochas a ghabháil freisin leis na grúpaí ar fad a chabhraigh le forbairt na rannóg difriúil. Is mian liom buíochas a ghabháil le pobal an Choláiste freisin—don rannpháirtíocht agus tacaíocht sa phróiseas leanúnach atá chomh tábhachtach do thodhchaí na hollscoile sármhaithe seo.

**Dr John Hegarty**
Propast

# Luachanna

## Tá na nithe seo a leanas luachmhar dúinn

— an ollscoil a bheith ina pobal idirghníomhach, ildisciplíneach ina bhfuil dúil sna smaointe agus mian san fhoghlaim,

— deiseanna chun sármhaitheas a bhaint amach i dtimpeallacht atá dúshlánach agus oiliúnach ag an am céanna,

— cuimsitheacht ár bpobail, rud a chuireann comhionannas rochtana agus deiseanna ar fáil do chách, ag lorg agus ag aithint buanna i ngach áit ina mbíonn siad,

— aitheantas idirnáisiúnta dár dtaighde agus láidreachtaí acadúla a thógáil trí obair bhuíne agus chomhghleacaíocht,

— idirspleáchas an teagaisc agus an taighde, agus éagsúlacht ár modhanna taighde agus teagaisc,

— cruthaitheacht agus nuálaíocht, lena n áirítear spiorad fiontraíochta a fhorbairt i measc na mball foirne agus na mac léinn, leis an leas is forleithne a chur ar fáil don tsochaí,

— comhoibrithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a chruthaíonn mic léinn, baill foirne, alumni agus cairde,

— rannpháirtíocht na mball foirne agus na mac léinn sa dioscúrsa poiblí,

— an ról atá againn mar mhol cruthaitheach d'Éirinn i gcroílár chathair Bhaile Átha Cliath,

— an úsáid a bhainimid as na huirlisí is éifeachtaí lenár luachanna a chur i bhfeidhm, lena n áirítear:
  - *neamhspleáchas i mbainistíocht acmhainní, mar aon le freagracht shoiléir agus thrédhearcach i leith na sochaí, agus*
  - *saoirse acadúil chun gach bealach fiosraithe a iniúchadh agus chun torthaí an taighde agus an léinn a scaipeadh.*

# Fís agus Misean

Bunaíodh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i 1592 le cairt ollscoile ón mBanríon Éilis I ar shuíomh a chuir Bardas Bhaile Átha Cliath ar fáil.

Leathnaigh Coláiste na Tríonóide sna céadta ina dhiaidh sin, agus ollscoil nua-aimseartha atá ann anois ina bhfuil 15,600 mac léinn agus 3,700 ball foirne. Tá Coláiste na Tríonóide ar cheann d'ollscoileanna móra an domhain anois, agus aithnítear go forleathan ardcháilíocht a chéimithe, seasamh idirnáisiúnta a thaighde agus a léinn, agus chomh tábhachtach agus atá sé don choláiste a bheith ag cur le sochaí na hÉireann agus an domhain níos leithne.

Is cúis bhróid do phobal an Choláiste gur baineadh amach é seo, agus cuireann siad ar fad le huathúlacht na hÉireann i measc thíortha eile an domhain. Neartóimid na héachtaí seo le fís ina dtabharfar tuilleadh aitheantais do Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath mar ollscoil a bhfuil tábhacht dhomhanda aici—go mbeidh tionchar níos mó fós againn a bheidh i gcomhréir le buanna ár mac léinn agus ár mball foirne.

## Fís

Déanfaidh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath a chlú mar ollscoil le tábhacht dhomhanda a neartú a thuilleadh.

Cuirfear an fhís seo i gcrích trínár luachanna a léiriú go praiticiúil, agus go háirithe trí thiomantas láidir a léiriú do shaoirse an fhiosraithe agus na tuairimíochta intleachta, agus do luach an duine aonair.


## Misean

Trínár dtaighde agus trínár dteagasc, bíonn mic léinn agus an tsochaí linn ag dul i ngleic leis an tóraíocht ar eolas, ag iarraidh sármhaitheas a bhaint amach ina ndéanaimid, agus ag freagairt le cruthaitheacht agus le samhlaíocht do dhúshláin agus do dheiseanna na todhchaí atá romhainn ar fad.

# Achoimre Fheidhmeach

**Ó 2009 go dtí 2014, déanfaidh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath na heilimintí seo a leanas a chur i bhfeidhm**

- oideachas, taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn mar chodanna atreisithe comhchéime de phobal comhtháite scoláirí,
- líon na mac léinn a mhéadú de 15% go dtí 18,000 i réimsí straitéiseacha, agus an cóimheas múinteoirí is mic léinn a chothabháil trí scéim fola nua atá maoinithe go speisialta,
- oideachas bunchéime a atreisiú trí churaclam bunchéime nua-sheolta a chuimsíonn codanna príomhúla agus roghnacha, rannpháirtíocht na foirne acadúla sinsearaí a uasmhéadú trí theagasc taighde-stiúrtha, rochtain a leathnú go 22% den lucht iontrála, ráta críochnaithe 90% a bhaint amach, agus córas measúnaithe ar líne a thabhairt isteach don teagasc ar fud an Choláiste,
- oideachas iarchéime a chlaochlú chun breis cruthaitheachta, nuálaíochta agus fiontraíochta a thabhairt d'iarchéimithe, agus an tAcadamh um Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide-An Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath a sheoladh,
- leanúint leis an bhfás agus comhdhlúthú ar láidreachtaí aitheanta Choláiste na Tríonóide sa réimse taighde agus léinn, agus na mórchláir ar scála agus a gcoinbhéirsiú i dtreo shochaí inbhuanaithe a dhifreáil,
- tionscnaimh speisialta a thabhairt isteach chun eispéireas iomlán na mac léinn a fheabhsú, agus go háirithe thaithí na mac léinn idirnáisiúnta agus mac léinn ó chúlraí neamhthraidisiúnta,
- cur chuige Nuálaíochta Oscailte don mhaoin intleachta a chur i bhfeidhm chun aistriú eolais agus forbairt fiontraíochta a spreagadh, ráta bunaithe na gcomhlachtaí campais a mhéadú, agus a bheith rannpháirteach ar bhealach níos éifeachtaí i gcúrsaí fiontraíochta,
- comhoibrithe ceannródaíochta a fhorbairt sna réimsí oideachais, taighde agus nuálaíochta chun éifeacht agus tionchar a bhaint amach ar scála idirnáisiúnta:
  - *tríd an gClár Cruthaitheachta sa Phobal, rachaimid i mbun comhoibrithe le hinstitiúidí eile chun Baile Átha Cliath a chur chun cinn mar chathair idirnáisiúnta foghlama, cultúrtha agus nuálaíochta,*
  - *an Chomhghuaillíocht um Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide-An Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath a bhunú,*
  - *Ionad Leighis Acadúil Choláiste na Tríonóide a bhunú lenár n-ospidéil chleamhnaithe teagaisc,*
- mórchláir forbartha caipitiúla a sheachadadh chun tacú leis na cuspóirí i ndáil le hoideachas agus taighde ar bhonn idirnáisiúnta:
  - *Institiúid na nEolaíochtaí Bitheacha, Mol an tSeomra Fhada, Coláiste na Tríonóide do na Daonnachtaí, agus Ionad na Mac Léinn (€150m),*
  - *pleanáil a thosú i ndáil le hInstitiúid na nEolaíochtaí Sóisialta, Institiúid na Míochaine Coiscthí in Ospidéal Thamhlachta, comhdhlúthú na nEolaíochtaí Nádúrtha agus na hInnealtóireachta, agus cóiríocht nua na mac léinn (€200m),*
- próisis bhainistíochta an Choláiste a shruthlíniú trí chórais faisnéise nua a chur i bhfeidhm.







Leagtar amach sa phlean straitéiseach seo conas a dhéanfaimid feidhmíocht Choláiste na Tríonóide a neartú a thuilleadh – conas a dhéanfaimid a sheasamh a dhearbhú mar cheann de na grúpaí scothaicme a mhúnlaíonn ár ndomhan.



01

# Straitéis Choláiste na Tríonóide don Todhchaí

**Aithnítear Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath go hidirnáisiúnta mar phríomh-ollscoil na hÉireann. Pobal acadúil ildisciplíneach atá ann, agus is é an dúil san fhoghlaim agus san fhionnachtain a chuireann an misean acadúil chun cinn. Aithnítear an sármhaitheas ann agus tugtar luach saothair do dhaoine ar a shon.**

**Leagtar amach sa phlean straitéiseach seo conas a dhéanfaimid feidhmíocht Choláiste na Tríonóide a neartú a thuilleadh – conas a dhéanfaimid a sheasamh a dhearbhú mar cheann de na grúpaí scothaicme a mhúnlaíonn ár ndomhan.**

## An Cur Chuige Straitéiseach

Is é an straitéis atá againn ná cur le héachtaí Choláiste na Tríonóide trí leanúint ar aghaidh ag mealladh scoth na foirne agus na mac léinn go dtí an Coláiste trí na deiseanna spreagúla agus inspioráideacha – nach féidir ach le Coláiste na Tríonóide amháin iad a tháirgeadh – a léiriú.

Leanfaimid orainn ag tógáil pobal idirghníomhach, ildisciplíneach chun leasa an taighde agus an oideachais, agus cinnteoimid go n-úsáidfear na leasa chun eispéireas níos fearr do mhic léinn agus caidreamh bríoch leis an tsochaí a chruthú.

Déanfaimid ár dtionchar ar an tsochaí a mhéadú trí fhor-rochtain – a chuimseoidh tionchar dearfach a imirt ar ár gcomharsanacht áitiúil i mBaile Átha Cliath, fiontraíocht agus saibhreas a chruthú d'Éirinn, agus cabhrú le réiteach a aimsiú ar fhadhbanna práinneacha a bhfuil tábhacht dhomhanda ag baint leo.

Déanfar an straitéis seo a chur ar fáil trí réimse cuimsitheach de ghníomhartha a chur i gcrích. Foireann pleanála straitéisí a mhol gach ceann de na gníomhartha, agus roghnaíodh gach gníomh ar bhonn comhairliúcháin leis na Scoileanna, leis na réimsí riaracháin agus tacaíochta, le hionadaithe na mac léinn, le grúpaí alumni agus le baill na mbord comhairleach seachtrach. Cuirtear na gníomhartha i ngrúpaí de réir ceithre mhórthéama a léiríonn na príomh-éirimí de ghníomhaíochtaí Choláiste na Tríonóide, mar a leanas:

- *oideachas,*
- *giniúint agus aistriú an eolais,*
- *eispéireas na mac léinn,*
- *rannpháirtíocht sa tsochaí.*

Tá cúigiú grúpa de ghníomhartha ann agus baineann siad le bealaí ina ndéanfaimid an straitéis a chumasú trí riarachán agus trí sheirbhísí tacaíochta.

Cuirfear an straitéis seo i gcrích trí mheascán de ghníomhaíocht lárnach agus de ghníomhaíocht atá déabhlóidte chuig na Scoileanna. Tógann an straitéis seo ar spiorad fiontraíochta Choláiste na Tríonóide trína aithint gurb iad gníomhaíochtaí acadúla agus taighde sna Scoileanna agus sna hInstitiúidí, arna dtacú agus gcomhordú ag struchtúir na nDámh agus na hollscoile, a chruthaíonn ioncam sa Choláiste go príomha. Dá bhrí sin, tá trí chineál gnímh i gceist leis an bplean seo: gníomhartha lárnacha cosúil le tionscadail tógála, a ndéantar maoiniú a lorg go lárnach lena n-aghaidh; gníomhartha chun tacú le scoláirí agus le mic léinn, atá á dtiomáint ag ioncam méadaithe sna Scoileanna de bharr líon méadaithe mac léinn agus de bharr ioncaim ó thaighde; agus gníomhartha lena mbaineann cuíchóiriú agus/nó éifeachtúlachtaí méadaithe.

## An Comhthéacs Seachtrach

Tá tús á chur leis an bplean straitéiseach seo agus cúlú eacnamaíochta ar siúl ar fud na cruinne. Tá Éire féin buailte go dona ag an gcor chun donais seo. Cuireann an cor chun donais seo dúshláin shuntasacha agus deiseanna os ár gcomhair ón tús, agus tá daoine agus seirbhísí tar éis éirí thar a bheith soghluaiste i ndomhan an lae inniu. Tá maoiniú ón Státchiste ag laghdú bliain i ndiaidh bliana, agus d'fhéadfaí go leanfaí ar aghaidh mar seo sna blianta amach romhainn. Ach ag an am céanna, bíonn an tsochaí ag súil go ndéanfaidh ollscoileanna tuilleadh soláthair i dtéarmaí tionchair oideachais agus eacnamaíoch araon, agus an ceart aici.

Ní mór do Choláiste na Tríonóide ár n-acmhainní a leathnú más mian linn leanúint ar aghaidh ag dul chun tosaigh i measc ollscoileanna an domhain. Ní mór do gach duine sa Choláiste a n-intinn a dhíriú ar mhaoiniú a aimsiú ó fhoinsí éagsúla ioncaim agus, an rud is tábhachtaí, a chinntiú go n-úsáidtear an maoiniú seo le cáilíocht ár ngníomhaíochtaí acadúla a fheabhsú agus muid ag gníomhú de réir ár mbunluachanna i gcónaí. Tá na gníomhartha sa phlean straitéiseach seo dírithe ar an gcuspóir seo a bhaint amach.

Tá saincheist na freagrachta ag éirí níos tábhachtaí an t-am ar fad. Tá baint ag freagracht agus neamhspleáchas lena chéile agus ollscoil ar bith a fhaigheann maoiniú suntasach ón rialtas á rialú. Tá trí ghné sa fhreagracht seo:

- *freagracht airgeadais, chun na hacmhainní a chaitheamh agus chun maoirseacht a dhéanamh orthu,*
- *freagracht maidir le cáilíocht an tsoláthair acadúil, lena n-áirítear eispéireas na mac léinn, agus*
- *freagracht maidir leis an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a bhaineann le hinfheistíocht na sochaí san ollscoil a uasmhéadú.*

I ndáil leis an gcéad ghné, tá Coláiste na Tríonóide tiomanta do na caighdeáin is airde dá bhfuil ann maidir le hionracas agus le follasacht airgeadais a léiriú do phobal an Choláiste agus don stát (thar cheann an cháiníocóra).

I ndáil leis an dara gné, cuirfidh Coláiste na Tríonóide feabhas ar cháilíocht an tsoláthair acadúil trína nósanna imeachta inmheánacha maidir le cáilíocht a fheabhsú a thuilleadh, lena n-áirítear an tionscadal um thorthaí foghlama a chur i gcrích, comhoibriú leanúnach in athbhreithniú seachtrach le gníomhaireachtaí rialtais, athnuachan an churaclaim agus soláthar cúrsaí nua.

I ndáil leis an tríú gné den chuntasacht, moltar roinnt tionscnamh sa phlean straitéiseach seo chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghníomhaíochtaí Choláiste na Tríonóide a fhorbairt a thuilleadh, lena n áirítear tionchar eacnamaíoch na n infheistíochtaí i dtaighde agus i nuálaíocht, agus infhostaitheacht ár gcéimithe.

Braitheann an plean straitéiseach seo ar phrionsabal an neamhspleáchais sa chinnteoireacht, toisc go bhfuil an prionsabal seo ríthábhachtach le feidhm a bhaint as acmhainní ar bhealach éifeachtach. Tá coincheap na saoirse acadúla ag gabháil leis an méid sin – an tsaoirse do mhic léinn agus don fhoireann gach bealach fiosraithe a iniúchadh agus torthaí an taighde agus an léinn a scaipeadh ar an mbealach is fearr.

D'fhonn ár bhfís le Coláiste na Tríonóide a neartú mar ollscoil de thábhacht dhomhanda, is gá, thar aon rud eile, foireann acadúil ar ardchaighdeán a earcú don teagasc agus don taighde trí dhianiomaíocht inmheánach, agus cóimheas mic léinn is foirne atá iomaíoch go hidirnáisiúnta a choinneáil. Ní mór do na baill foirne seo saothrú i dtimpeallacht a leagann spriocanna taighde uaillmhianacha amach agus a chuireann na hacmhainní riachtanacha ar fáil dóibh chun na spriocanna seo a bhaint amach.
Tá roinnt gníomhartha sa phlean straitéiseach seo dírithe ar na deiseanna i leith taighde sármhaith a fheabhsú. I measc na ngníomhartha seo, baineann tábhacht ar leith le tosaíochtaí taighde a aithint ionas go ndéanfar acmhainní dóthanacha – lena n áirítear acmhainní intleachtúla agus fisiciúla – a thabhairt le chéile chun mais chriticiúil de ghníomhaíochtaí a chruthú a mbeidh sé d'acmhainn aige tionchar domhanda a imirt.

Tá comhoibriú ina ghné thábhachtach den phlean straitéiseach seo. Is féidir le comhoibriú an mhais chriticiúil a chruthú freisin chun seachadadh a dhéanamh go héifeachtach dár mic léinn agus don tsochaí. Clúdaíonn na gníomhartha sa phlean seo na mórthéamaí d'oideachas, de ghiniúint agus aistriú an eolais, de thaithí na mac léinn agus den rannpháirtíocht sa tsochaí. Is é an Chomhghuaillíocht um Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide-An Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (TCD-UCD Innovation Alliance) an príomhthionscadal comhoibrithe atá againn. Tá sé mar aidhm aige dinimic nua a chruthú le haghaidh éiceachóras na nuálaíochta in Éirinn, agus tugann Ollscoil na Banríona, Béal Feirste tacaíocht dó. Is cuid lárnach den Chomhghuaillíocht um Nuálaíocht é acadamh um oiliúint nuálaíochta agus fiontraíochta le haghaidh mic léinn iarchéime. Is é an dara cuspóir straitéiseach ná Ionad Leighis Acadúil a bhunú i gcomhar le Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath, ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí agus Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath Baineann an tríú cuspóir straitéiseach le Baile Átha Cliath a chur chun cinn mar chathair chultúrtha, léannta agus nuálaíoch. Tá Coláiste na Tríonóide tiomanta d'úsáid na n acmhainní atá aige a chomhordú an oiread agus is féidir chun an cuspóir seo a bhaint amach.

Tá straitéis Choláiste na Tríonóide don todhchaí ag tógáil ar a ardchéim maidir le héachtaí cruthaitheacha a shíneann siar sna haoiseanna atá imithe thart. Níl réabhlóid ag teastáil ón gColáiste maidir lena bhunchuspóirí agus a bhuntreoir, ach is athdhearbhú ar na nithe seo atá ag teastáil. Tá córas láidir luachanna ann, tá ardéileamh ar go leor cúrsaí, agus tá an dúil chéanna san fhoghlaim agus san fhionnachtain ann is a bhí riamh. Tá ardcháil idirnáisiúnta ar Choláiste na Tríonóide i go leor disciplíní. Nílimid bogásach cé go bhfuilimid bródúil as ár n éachtaí. Tá fís uaillmhianach uileghabhálach curtha i bhfeidhm againn a chlúdaíonn gach aon réimse den Choláiste agus leagaimid amach sa straitéis seo plean gníomhaíochta leis an bhfís seo a chur i gcrích.

**GNÍOMHARTHA**

## 1.1— An Chomhghuaillíocht um Nuálaíocht a Thógáil

Tá Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath tar éis an Chomhghuaillíocht um Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide-an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath a sheoladh. Tionscnamh radacach é seo atá deartha le hathrú suntasach a spreagadh maidir le cruthú fostaíochta in Éirinn agus le heacnamaíocht chliste atá dinimiciúil, solúbtha agus inbhuanaithe a chur chun cinn. Baineann an fhís le héiceachóras nuálaíochta a bhunú d'Éirinn, ag comhoibriú le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste freisin, mar aon le hidirghníomhaíochtaí comhlántacha idir fhiontraíocht, ardoideachas agus an rialtas, rud a chabhróidh leis an bhforás eacnamaíoch a chur chun cinn.

Tá sé beartaithe go mbeidh an Chomhghuaillíocht um Nuálaíocht ina gné thábhachtach de Mhol Forbartha na Fiontraíochta Idirnáisiúnta atá beartaithe. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná comhpháirtíocht úrnua ina mbeidh gníomhaireachtaí rialtais, an earnáil ghnó agus an pobal chaipiteal fiontair páirteach, agus déanfaidh an mol an bealach a réiteach le haghaidh glúin nua d'fhiontraíocht dhúchasach in Éirinn. Tá maoiniú don Chomhghuaillíocht um Nuálaíocht á chur ar fáil, i bpáirt, trí chomhordú a dhéanamh ar mhaoiniú ó chláir iomaíocha eile atá ann cheana féin. Iarrfar maoiniú sa bhreis ón stát agus ón tionsclaíocht faoin Straitéis um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, faoin gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal, agus déanfar infheistíochtaí ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus ó ghníomhaireachtaí eile a úsáid chun iasachtaí a ráthú leis an gComhghuaillíocht a mhaoiniú. Braitheann rath na Comhghuaillíochta um Nuálaíocht ar na foinsí maoinithe seo a bheith ar fáil sa todhchaí.

## 1.2 — Ionad Leighis Acadúil Choláiste na Tríonóide a bhunú le hospidéil oiliúna chleamhnaithe

Is éard atá i samhail an Ionaid Leighis Acadúil (AMC) ná cur chuige comhtháite le cúram cliniciúil a sheachadadh, le sármhaitheas a chur ar fáil san oideachas agus san oiliúint liachta, le taighde bithleighis ar ardchaighdeán a sheachadadh agus le cabhrú leis an bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta. I gcomhoibriú lena ospidéil oiliúna chleamhnaithe, tá sé beartaithe ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath caidreamh dinimiciúil a thógáil, a mbeidh sé d'acmhainn aige réimse an bhithleighis a bhunathrú chun feabhais.

Is iomaí dúshlán a bhaineann le AMC a bhunú agus bíonn samhlacha rialála úrnua ag teastáil le haghaidh leigheas acadúil, idirbheartaíocht maidir leis na tosaíochtaí a ailíniú i dtéarmaí sheachadadh na seirbhísí i bplean seirbhíse atá ailínithe go hacadúil, straitéis taighde chomhdhlúite, agus struchtúir barrmhaithe acmhainní daonna a fhorbairt chun daoine maithe a earcú go héifeachtach do leibhéil acadúla na heagraíochta nua. Mar gheall ar na dúshláin seo, caithfear na priacail a bhaineann le seachadadh an ghnímh seo a mheas mar ardphriacail. É sin ráite, beidh torthaí suntasacha i gceist freisin mar thabharfadh AMC Choláiste na Tríonóide an Coláiste agus na hOspidéil chun tosaigh i ndea chleachtas idirnáisiúnta leighis agus sna heolaíochtaí sláinte. Tiomnaítear go leor ama agus acmhainní feidhmiúcháin do sheachadadh an ghnímh seo.

## 1.3 — Baile Átha Cliath a chur chun cinn mar chathair léannta, cultúrtha, agus nuálaíochta

Tríd an bpolasaí atá againn maidir le Cruthaitheacht sa Phobal (Creativity in the Community), tá Coláiste na Tríonóide tiomanta le clú idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn mar chathair ollscoile an oiread agus is féidir – lárionad uirbeach don léann, don chultúr agus don nuálaíocht – trí na bacainní meabhairbhraite idir ghníomhaíochtaí an Choláiste agus shaol na cathrach a bhriseadh síos.

Leanfar samhail na hInstitiúide Naughton inár dtionscadail nua infreastruchtúir, trí dul i ngleic go dearfach leis an bpobal níos leithne sa chathair. Tabharfaimid rochtain bhreise ar acmhainní cultúrtha an Choláiste, lena n áirítear ár mbailiúcháin uathúla ealaíon agus acadúla, agus déanfar na bailiúcháin seo níos tarraingtí.

Beidh ról lárnach ag Coláiste na Tríonóide sa tionscnamh Baile Átha Cliath: Cathair Eorpach na hEolaíochta 2012. Feabhsóimid an caidreamh idir an Coláiste agus na comhlachtaí cathra-cha, mar shampla Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath agus an Comhaontas Cultúrtha, agus beidh sé seo bunaithe ar choincheap de Bhaile Átha Cliath mar áit maireachtála agus oibre atá cruthaitheach agus nuálaíoch.















Is é an fhís atá againn le haghaidh 2014 ná ollscoil a sholáthraíonn ceannaireacht bhreise san oideachas agus í lánfhreagrúil do riachtanais na sochaí atá ag athrú de shíor. Leathnófar na deiseanna chun staidéar a dhéanamh i gColáiste na Tríonóide trí rochtain mhéadaithe agus trí chúrsaí nua a chur ar fáil – méadófar líon iomlán na mac léinn de 15%.

02

# Oideachas

**Is é fíorchuspóir ollscoile ná oideachas a chur ar na glúine atá ag teacht, agus dearbhaíonn doiciméid bunaithe Choláiste na Tríonóide é seo. Agus é ag scríobh chuig bronntóirí ionchasacha go luath sna 1590í, mhol céad Phropast Choláiste na Tríonóide an Coláiste mar *'fhoinse sibhialtachta agus léinn do do chlann féin, agus do chlann do chlainne'*.**

Is é an fhís atá againn le haghaidh 2014 ná ollscoil a sholáthraíonn ceannaireacht bhreise san oideachas agus í lánfhreagrúil do riachtanais na sochaí atá ag athrú de shíor. Leathnófar na deiseanna chun staidéar a dhéanamh i gColáiste na Tríonóide trí rochtain mhéadaithe agus trí chúrsaí nua a chur ar fáil – méadófar líon iomlán na mac léinn de 15%.

Déanfar mórchuid na ngníomhartha a mhaoiniú laistigh de na hacmhainní atá ann cheana féin, nó trí ioncam méadaithe a eascróidh as fás i líon na mac léinn. Déantar gníomhartha ar leith a mhaoiniú ó fhoinsí seachtracha (sonraítear an gníomh i ngach cás) agus braitheann cur i gcrích na ngníomhartha sin ar na cistí seo a aimsiú.

## Sármhaitheas sa teagasc agus san fhoghlaim

Táimid freagrach dár gcuid mac léinn agus don tsochaí as cáilíocht ár dteagaisc. Leanfaimid orainn ag cinntiú go bhfuil teagasc ar ardchaighdeán ann trí athbhreithnithe agus trí thuairisciú do chomhlachtaí seachtracha, ag díriú i gcónaí ar an gcáil idirnáisiúnta a bhíonn ar chéimeanna ó Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide a choinneáil. Sna cúig bliana atá amach romhainn, cuirfimid bearta i bhfeidhm chun feabhas a chur ar sheachadadh na gcúrsaí agus chun soláthar an oideachais a chur in oiriúint d'éileamh na mac léinn.

**GNÍOMHARTHA**

### 2.1 — Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar cúrsaí agus ar chomhdhéanamh ár bpobal mac léinn

Táimid tiomanta do phobal ildisciplíneach a chothabháil agus freagra a thabhairt ar an éileamh méadaithe ar oideachas d'ardchaighdeán. Ní mór dúinn ár soláthar oideachais a atheagrú d'fhonn na tiomantais seo a chur i gcrích sa timpeallacht eacnamaíoch reatha. Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- athbhreithniú ar na cláir oideachais atá ann cheana féin agus tabharfaimid tús áite d'fhorbairt disciplíní,
    - a bhfuil sármhaitheas idirnáisiúnta bainte amach acu i dtéarmaí láidreachtaí taighde agus teagaisc,
    - a bhfuil ábharthacht ar leith acu maidir leis an bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta in Éirinn,
    - a bhfuil éileamh ann ó mhic léinn ar chláir nua,
- athbhreithniú ar dháileadh na mac léinn fochéime agus iarchéime le réimsí d'fhás ionchasach a aithint d'fhonn méadú go 18,000 i líon na mac léinn a bhaint amach.

### 2.2 — An fócas ar dhearbhú agus ar fheabhsú cáilíochta a neartú

Beidh measúnú ó mhic léinn ar mhodúil de chláir éigeantach, agus bainfidh Scoileanna úsáid as an aiseolas ó mhic léinn chun eolas a thabhairt d'athbhreithnithe ar na Scoileanna maidir le seachadadh agus dearadh na gcuraclam, agus chun deiseanna oiliúna don fhoireann a mholadh. Cuirfimid clár píolótach d'athbhreithnithe ó alumni i bhfeidhm agus cuirfimid deiseanna ar fáil do bhaill foirne páirt a ghlacadh i gcúrsaí teagaisc gairmiúla le haghaidh léachtóirí ollscoile. Déanfaimid córas riaracháin nua do mhic léinn a choimisiúnú chun bainistíocht faisnéise agus pleanála níos fearr a chumasú.

### 2.3 — An úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí na foghlama a mhéadú

Cuirfimid tús le clár forbartha nua don fhoireann, ag díriú ar oiliúint agus ag tabhairt tacaíochta do bhaill foirne úsáid a baint as teicneolaíochtaí nua ar mhaithe le cuspóirí teagaisc agus taighde. Déanfaimid clár a fhorbairt chun faisnéis a chur ar fáil maidir le litearthacht faisnéise agus scileanna foghlama eile. Cuirfimid léibheann foghlama foinse oscailte ar fáil freisin chun an timpeallacht foghlama fhíorúil (VLE) a fheabhsú.

## Oideachas fochéime

Cuid ríthábhachtach de sheirbhís na hollscoile don tsochaí is é an t oideachas fochéime, agus is tosaíocht straitéiseach atá ann do Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Sna blianta atá ag teacht, déanfar éiteas agus cáilíocht an oideachais fochéime a choinneáil agus a fhorbairt trí theagasc atá treoraithe ag taighde agus ag athnuachan curaclaim. Beidh soláthar na gcúrsaí ag teacht le héileamh na mac léinn, agus ár mbunluach maidir le bheith mar ollscoil ildisciplíneach á choinneáil againn. Tá éagsúlacht bhreise beartaithe againn i leith na mac léinn, agus bainfear é seo amach trí idirnáisiúnú méadaithe, agus trí rannpháirtíocht níos mó ó ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht i láthair na huaire.

**GNÍOMHARTHA**

### 2.4 — Nuálaíocht sa churaclam in oideachas fochéime

Tá traidisiún fada ag Coláiste na Tríonóide de thiomantas ar mhaithe le fairsinge, doimhneacht, cáilíocht agus uathúlacht a chúrsaí staidéir a choinneáil agus a fhorbairt. Idir 2009 agus 2014, déanfaimid na nithe seo a leanas:

— an bunchuraclam agus an curaclam roghnach a chur i bhfeidhm, a chuirfidh deiseanna struchtúrtha ar fáil do mhic léinn modúil a roghnú i gcláir lasmuigh dá bpríomhdhisciplín,

— a chinntiú arís eile go mbíonn an teagasc treoraithe ag an taighde, agus beidh taighde neamhspleách mar chuid lárnach de gach clár fochéime. Bainfear úsáid mhéadaithe as modhanna teagaisc a chuireann smaointeoireacht chriticiúil, cruthaitheacht agus nuálaíocht chun cinn.

### 2.5 — Acmhainní a thiomnú chun seachadadh an churaclaim fochéime a fheabhsú

— agus luach na ceannaireachta gairmiúla sa teagasc á aithint, leanfaidh Coláiste na Tríonóide ar aghaidh ag cur chun cinn an pholasaí trína ndéanann gach ollamh na cúrsaí fochéime a sheachadadh le béim ar leith á cur ar an teagasc sa chéad bhliain, agus

— éascóimid an t aistriú chuig teagasc i ngrúpaí beaga trí spásanna teagaisc breise do ghrúpaí beaga a sholáthar (féach Gníomh 6.8).

### 2.6 — Feabhsú maidir le mic léinn a choinneáil ar chláir fochéime

Léiríonn an ráta ard coinneála de 85% atá ann faoi láthair i leith cúrsaí fochéime ardcháilíocht na gclár fochéime i gColáiste na Tríonóide. D'fhonn cur leis an rath seo, déanfaidh Coláiste na Tríonóide iarracht ráta coinneála de 90% (nó níos mó) a bhaint amach le haghaidh mic léinn fochéime, agus é tiomanta i gcónaí do na caighdeáin arda oideachais a choimeád. Déanfar seo trí ghníomhartha éagsúla a bhainfidh le hiontrálacha agus le seirbhísí na mac léinn.

### 2.7 — Plean Rochtana an Choláiste 2009–13 a Chur i bhFeidhm

Leanfaimid orainn ag obair i gcomhar le gníomhaireachtaí rialtais cuí agus le hinstitiúidí tríú leibhéal eile chun tuiscint níos doimhne a fháil agus le sainmhíniú a dhéanamh ar ghannionadaíocht ghrúpaí áirithe sóisialta san ardoideachas. Trí fhorbairt bhreise a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí réamhiontrála atá ann cheana féin agus ar bhealaí iontrála malartacha le haghaidh mic léinn ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste, agus le haghaidh mic léinn aibí agus mic léinn faoi mhíchumas, méadófar rannpháirtíocht na ngrúpaí seo i measc na mac léinn ar fad.

Trí shaincheisteanna rochtana a thabhairt isteach i bhforbairt agus in oiliúint na foirne, agus trí rochtain a chuimsiú mar réimse freagrachta ar leibhéal riaracháin na Scoile, cinnteoimid go mbeidh feasacht fheabhsaithe ar an éagsúlacht mar chuid de shaol an Choláiste. Leag Comhairle na hOllscoile spriocanna ar leith amach chun dul i ngleic leis an tsaincheist seo ag cruinniú an 6 Bealtaine 2009. I measc na spriocanna seo, áirítear ráta iontrála go Coláiste na Tríonóide de 22% le haghaidh grúpaí faoi ghannionadaíocht roimh 2013, agus ráta iontrála de 13% le haghaidh grúpaí socheacnamaíocha faoi ghannionadaíocht. Tá baint amach na spriocanna seo ag brath ar na tiomantais sa Phlean Náisiúnta um Chomhionannas Rochtana (National Plan for Equity of Access) agus ar a bheith in ann leanúint le hacmhainní go leor a chur ar fáil le haghaidh seirbhísí tacaíochta do mhic léinn.

### 2.8 — Sciar na mac léinn idirnáisiúnta a mhéadú

Déanfaidh gach Dámh comhordú ar mhaithe le líon na mac léinn idirnáisiúnta a mhéadú ar chúrsaí roghnaithe. Faoi 2014, beidh bonnchlár le haghaidh mic léinn idirnáisiúnta forbartha chun bealach rochtana nua ar chláir fochéime an Choláiste a chur ar fáil.

## Oideachas Iarchéime

Tá Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath chun tosaigh san oideachas iarchéime in Éirinn. I straitéis reatha Choláiste na Tríonóide, leagtar béim ar thábhacht na mbunús láidir disciplíneach maille le hoiliúint sna scileanna cuí, ag teacht le taighde leathan idirdhisciplíneach. Is é an sprioc atá ann ná é seo a fhorbairt a thuilleadh trí Acadamh um Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide – An Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tionscnamh nua radacach é seo a thugann an dá sholáthraí is mó oideachas iarchéime le chéile chun an eispéireas dochtúireachta a athrú ó bhonn, d'fhonn cineál nua céimí Ph.D. a chruthú. Beidh an céimí seo ina s(h)aineolaí ina réimse disciplín féin, ach ina theannta sin, beidh sé/sí cruthaitheach nuálaíoch agus in ann eolas, smaointe agus aireagáin a thiontú ina leasa eacnamaíocha agus sóisialta chun leasa na sochaí.

Dúshlán láithreach is ea bunú an Acadaimh um Nuálaíocht. Dúshlán eile is ea an gá atá le creatlaí níos solúbtha a chruthú chun oideachas iarchéime a sheachadadh mar aon leis an gá le teicneolaíochtaí nua na foghlama a ghlacadh chugainn féin nuair is féidir. I measc na dtosaíochtaí eile, áirítear comhoibriú le hinstitiúidí tríú leibhéal eile chun cuíchóiriú na gcúrsaí, aitheantas cuí ar an bhfoghlaim réamhtheachtach, agus forfheidhmiú phróiseas Bologna, a chur i ngníomh.

### GNÍOMHARTHA

**2.9 — An tAcadamh um Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide-An Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath a Bhunú**

Cuirfidh an tAcadamh um Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide-An Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, a mbunófar mar chuid den Chomhghuaillíocht um Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide-An Choláiste Ollscoile, oiliúint ar fáil i nuálaíocht agus i bhfiontraíocht le haghaidh mic léinn Ph.D. Déanfaidh an tAcadamh comhordú freisin ar an oiliúint chineálach, agus an oiliúint a bhaineann go sainiúil le disciplín áirithe a sholáthar i gCláir áirithe Oideachais Taighde d'Iarchéimithe (Graduate Research Education Programmes – GREP). Tá maoiniú don ghníomh seo á lorg faoi láthair ón gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal.

**2.10 — Líon agus raon feidhme na gclár comhoibríoch le hollscoileanna eile a mhéadú agus soghluaisteacht a spreagadh**

Déanfaidh Coláiste na Tríonóide deiseanna a lorg go gníomhach le cláir chomhoibríocha a bhunú ar mhaithe le cúrsaí iarchéime a bhaineann go sainiúil le disciplíní áirithe a sholáthar, ag cur béime ar chomhoibriú ar chláir Ph.D. i gcomhar le hinstitiúidí eile ardoideachais in Éirinn agus thar lear.

**2.11 — Modúlúchán, solúbthacht agus rialú cáilíochta a mhéadú i gcláir a mhúintear**

Cuirfear próiseas an mhodúlúcháin le haghaidh cúrsaí iarchéime i gcrích roimh 2012. Bainfidh an próiseas le modúil atá mar chuid de chúrsaí Máistreachta ainmnithe, agus le modúil atá mar chuid de chláir oiliúna Ph.D. araon. Bainfear úsáid as deiseanna forluí idir an dá chineál modúil, agus déanfar modúil agus cláir araon ag teacht le taighde agus le haidhmeanna straitéiseacha na hOllscoile. Cuirfear feabhas ar mheicníochtaí rialaithe cáilíochta le haghaidh modúil agus cláir a mhúintear.

**2.12 — Líon na staidéarachtaí Ph.D. spriocdhírithe a mhéadú**

Cuirfimid le líon na staidéarachtaí Ph.D. urraithe, lena n áirítear staidearachtaí atá ar fáil do mhic léinn idirnáisiúnta, agus cinnteoimid go mbeidh siad ag teacht le láidreachtaí sa taighde. Cuirfimid scoláireachtaí ar fáil do mhic léinn iarchéime a mbaineann cúinsí speisialta eile leo—mar shampla, mic léinn faoi mhíchumais.

**2.13 — Cur le clú Ph.D. ó Choláiste na Tríonóide**

Déanfaimid comhdhlúthú agus brandáil ar an gclár Ph.D. ceithre bliana Choláiste na Tríonóide, agus cuirfimid béim ar an gcothromaíocht idir solúbthacht agus struchtúr disciplíneach. Cinnteoimid an oiread solúbthachta agus is féidir le freastal ar phointí iontrála agus ar phointí fágála den phróiseas Bologna le haghaidh mic léinn nua agus mic léinn atá ag fágáil.

**2.14 — Líon na mac léinn iarchéime idirnáisiúnta, agus líon na mac léinn iarchéime nach as an AE dóibh, a mhéadú**

Méadófar an sciar de mhic léinn iarchéime idirnáisiúnta agus de mhic léinn iarchéime nach as an AE dóibh ó 13% agus ó 7% faoi seach go 20% agus 14%.

## Foghlaim ar feadh an tsaoil

Leanfaidh an Coláiste, i gcomhar lena rannpháirtíocht i bpróiseas Bologna agus i gcomhar le hÚdarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann agus leis an Oifig Náisiúnta do Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas, le hathbhreithniú agus ailíniú ar a chleachtais d'fhonn forbairt leanúnach agus ábharthacht a dheiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chinntiú, agus cuimseoidh foghlaim ar feadh an tsaoil forbairt ghairmiúil leanúnach.

### GNÍOMHARTHA

**2.15 — An polasaí um fhoghlaim ar feadh an tsaoil a athbhreithniú agus a nuashonrú**

I rith 2010, déanfaimid athbhreithniú agus nuashonrú ar an bpolasaí um fhoghlaim ar feadh an tsaoil atá againn cheana féin le go léireoidh sé conas mar a chuireann an Coláiste le riachtanais eacnamaíochta comhaimseartha agus le riachtanais eacnamaíochta amach anseo.

**2.16 — Solúbthacht le dul chun cinn i staidéar fochéime a mhéadú**

Cuirfimid leis na deiseanna atá ann le dul chun cinn a dhéanamh ó leibhéal 7 go dtí leibhéal 8 ar chláir fochéime an Choláiste.

**2.17 — Solúbthacht agus modúlúchán an tsoláthair oideachais a mhéadú, agus aitheantas éachta a éascú**

Cinnteoimid go mbeidh an tsolúbthacht ag mic léinn chun modúil a dhéanamh thar roinnt blianta agus iad ag saothrú chun cáilíocht a bhaint amach.
Maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil, tabharfar deimhniú do mhic léinn chun a rannpháirtíocht i gcláir acadúla Choláiste na Tríonóide a aithint.













Is é ár bhfís do 2014 ná Coláiste ina bhfuil iontas an léinn agus na fionnachtana eolaíochta fréamhaithe níos treise i gcultúr Choláiste na Tríonóide, ina bhfuil réimsí seanbhunaithe i ndiaidh fás go scála idirnáisiúnta agus ina bhfuil réimsí nua ag teacht chun cinn – le cumas léirithe chun cur le próifíl idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide – agus gheobhaidh siad aitheantas agus tacaíocht chuige sin. Beidh tionscadail chomhoibrithe atá ceannródaíoch le feiceáil go flúirseach. Gnóthóidh beartas nuálaíochta oscailte torthaí do Choláiste na Tríonóide agus don náisiún féin.

03

# Giniúint agus Aistriú an Eolais

**Is trí réimsí eolais a fheabhsú a dhearbhaíonn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath a stádas mar cheann de mhórollscoileanna an domhain. Tá an Coláiste tiomanta do shármhaitheas i gcúrsaí taighde agus léinn agus a aithint, mar bhunluach, go bhfuil teagasc agus taighde idirspleách san ollscoil. Bealach amháin a dhéanann Coláiste na Tríonóide an tiomantas sin a aithint ná trí thoghcháin bhliantúla chuig Comhaltacht Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath—modh inar féidir le baill foirne a bheith mar chuid den Chomhlacht Corparáideach trína n-éachtaí léannta.**

Is é ár bhfís do 2014 ná Coláiste ina bhfuil iontas an léinn agus na fionnachtana eolaíochta fréamhaithe níos treise i gcultúr Choláiste na Tríonóide, ina bhfuil réimsí seanbhunaithe i ndiaidh fás go scála idirnáisiúnta agus ina bhfuil réimsí nua ag teacht chun cinn—le cumas léirithe chun cur le próifíl idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide—agus gheobhaidh siad aitheantas agus tacaíocht chuige sin. Beidh tionscadail chomhoibrithe atá ceannródaíoch le feiceáil go flúirseach. Gnóthóidh beartas nuálaíochta oscailte torthaí do Choláiste na Tríonóide agus don náisiún féin.

Is iad na dúshláin atá le sárú ionas go mbainfear an fhís sin amach ná:

- *difreáil bhríoch,*
- *iomaíocht dhomhanda a mhéadú,*
- *inbhuanaitheacht,*
- *brúnna bonneagair,*
- *na taighdeoirí is fearr agus is cumasaí a earcú agus a choinneáil, agus*
- *neamhdhúbláil.*

## Taighde agus léann

Tá cáil mhór ar Choláiste na Tríonóide ar fud an domhain maidir le leibhéal an léinn thar mórán glún agus disciplín. Leanann foireann acadúil Choláiste na Tríonóide leis an traidisiún sin ar bhealach níos treise sa ghlúin reatha. Bíonn gníomhaíochtaí taighde éagsúla i gceist atá leathnaithe amach sna disciplíní uile.

Mar chuid de chleachtadh na pleanála straitéisí, forbraíodh maitrís taighde a léiríonn cumas taighde Choláiste na Tríonóide (féach thall).

## Léann Choláiste na Tríonóide – traidisiún sármhaitheasa ar leibhéal domhanda

Le níos mó ná 400 bliain ó bhunú Choláiste na Tríonóide, bhí ár gcéimithe bainteach le mórán réimsí foghlama:

- ó chroineolaíocht bhíoblata an diagaire James Ussher in 1658, a mheas dáta na cruthaitheachta ar an oíche roimh an 23 Deireadh Fómhair 4004 RC, go dtí dáta aimsithe an chéad trí ghéin daonna in 2009,
- ó chéad cur síos ar leictreon sna 1890í ag George Johnston Stoney chuig scoilt an adaimh ag an mbuaiteoir Nobel Ernest Walton i 1932,
- ó cheathairnín a bhí fionnta ag Sir William Rowan Hamilton i 1843 chuig ionchorprú na gceathairníon i dteicneolaíochtaí léasair do Chórais Shuite Domhanda (GPS) atá satailít-bhunaithe,
- ó leigheas Vincent Barry ar lobhra i 1954, agus forbairt na fréamhshamhla don phaiste nicitín i 1990, chuig fionnachtana suntasacha reatha faoi ghalar Alzheimer, maláire agus scléaróis iolrach.

Tá mórán daoine móra le rá i saol na litríochta i measc alumni Choláiste na Tríonóide. Tá *Gulliver's Travels* (1726) le Johnathan Swift agus *Waiting for Godot* (1953) le Samuel Beckett chomh gríosaitheach céanna agus a bhí an chéad lá riamh; leanann *Dracula* (1897) le Bram Stoker agus *The Importance of Being Earnest* (1895) le Oscar Wilde ag tabhairt sásaimh agus gliondair do dhaoine; cuireann *The Gathering* (2007) le Anne Enright agus *Reservoir Voices* (2009) le Brendan Kennelly rudaí in iúl nach mbeadh ráite murach iad.

Lena chois sin, bhí tionchar suntasach ag céimithe na hollscoile ar chúrsaí fealsúnachta agus gnóthaí poiblí. Áirítear leo sin an fealsúnaí George Berkeley, na tírghráthóirí Wolfe Tone agus Robert Emmet, an fealsúnaí polaitiúil Edmund Burke, an scoláire Ceilteach agus céad Uachtarán na hÉireann Dubhghlas de hÍde, mar aon le hiar-Uachtarán eile na hÉireann agus iar-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Duine Mary Robinson, a leanann lena cuid tacaíochta maidir le fís an cheartais sóisialta domhanda san ré nua-aimseartha.

**DÁMHA**

**Na hEalaíona, Daonnachtaí & na hEolaíochtaí Sóisialta**

**SCOILEANNA**

- Gnó
- Drámaíocht, Scannánaíocht & Ceol
- Oideachas
- Béarla
- Stair & na Daonnachtaí
- Teangacha, Litríochtaí & Léann Cultúrtha
- Dlí
- Na hEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra & Cumarsáide
- Síceolaíocht
- Reiligiún, Diagacht & Éacúiméinic
- Na hEolaíochtaí Sóisialta & Fealsúnacht
- Obair Shóisialta & Beartas Sóisialta

**DÁMHA**

**Innealtóireacht, Matamaitic & Eolaíocht**

**SCOILEANNA**

- Bithcheimic & Imdhíoneolaíocht
- Ceimic
- Eolaíocht Ríomhaireachta & Staitisticí
- Innealtóireacht
- Géineolaíocht & Micribhitheolaíocht
- Matamaitic
- Na hEolaíochtaí Nádúrtha
- Fisic

**DÁMHA**

**Na hEolaíochtaí Sláinte**

**SCOILEANNA**

- Eolaíocht Dhéadach
- Leigheas
- Altranas & Cnáimhseachas
- Cógaisíocht & Na hEolaíochtaí Cógaisíochta

**IONAID TAIGHDE**


- Taighde Frithbhulaíochta
- Bithéagsúlacht & Forbairt Inbhuanaithe
- Bithinnealtóireacht
- Na hEolaíochtaí Cardashoithíoch
- Taighde faoi Leanaí
- Oidhreacht na hInnealtóireachta Sibhialta
- Stair Chomhaimseartha na hÉireann
- An Comhshaol
- Léann na mBan agus Inscne
- Córais Gnó Domhanda
- Sláinte Dhomhanda
- Institiúid Matamaitice Hamilton
- Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta
- Taighde Imdhíoneolaíochta
- Taighde ar Ealaíon na hÉireann
- Léann Éireannach-Albanach & Comparáideach
- Léann na Meánmhara & an Oirthir
- Taighde Staire na Meánaoise
- Léann na Meánaoiseanna & na hAthbheochana
- Bainistíocht Neamhbhrabúis
- Ionad Oscar Wilde
- Taighde Cógaisíochta
- Institiúid Beartas
- Ceartas Iarchoinbhleachta
- Taighde i TF san Oideachas
- Beartas Sóisialta & Taighde faoi Dhul in Aois
- Staidéar ar Thraidisiún Platón
- Taighde Iompair & Nuálaíocht do Dhaoine
- Staidéir Uirbeach agus Réigiúnach
- Staidéir faoi Chogaíocht

**TÉAMA CÓINEASAITHE**

## Maitrís Thaighde Choláiste na Tríonóide, 2009

Léiríonn an maitrís taighde dhá ghné sa straitéis taighde:

— aithníonn an chéad cheann (ag tosú ar thaobh na láimhe clé den mhaitrís) taighde atá déanta ag Dámha, Scoileanna, agus Ionaid Taighde. Cothaíonn sé sin bunús gníomhaíochta taighde atá ildisciplíneach agus a thugann an scoláire-múinteoir go díreach isteach i straitéis taighde Choláiste na Tríonóide. Aithnítear go dtagann tromlach mór de thorthaí taighde an Choláiste tríd an scoláire-teagascóir ag obair de réir chláir taighde aonair. Díorthaíonn ardsheasamh léann an Choláiste sna hEalaíona agus Daonnachtaí mar shampla, agus a áit sna ranguithe idirnáisiúnta, ó bhunobair na scoláirí-teagascóirí trí thacaíocht struchtúir na nIonad, na Scoileanna agus na nDámh. Tiomnaíonn an plean straitéiseach seo an Coláiste chun fiúntas a leagan ar an mbunús taighde agus an réimse sin a chothabháil sa todhchaí. Bíonn Ionaid Taighde bainteach le taighde agus le teagasc taighde-stiúrtha ag leibhéal na gcéimithe go háirithe, agus tacófar leis na haonaid acadúla trí athbhreithnithe tagarmharcála.




— Breathnaíonn an dara gné (ó thaobh na láimhe deise den mhaitrís) ar an straitéis taighde ó thaobh chúig théama tosaíochta taighde. Is iad seo a leanas:

— Comhtháthú Eorpach agus idirnáisiúnta,
— Na healaíona cultúrtha agus cruthaitheacha,
— Ábhair agus córais chliste,
— Eolaíochtaí bitheacha agus taighde aistritheach,
— Iompar, fuinneamh agus an comhshaol.

Mar thoradh na dtéamaí tosaíochta taighde sin, díorthaítear faoi láthair ocht mórchlár taighde:

— Domhandú,
— Na healaíona digiteacha agus na daonnachtaí,
— Teileachumarsáid,
— Naineolaíochtaí,
— Eolaíocht néarchórais,
— Dul in aois agus maireachtáil neamhspleách,
— Imdhíoneolaíocht,
— Míochaine móilíní/Ailse.

Is comhoibriú idir Phríomhthaighdeoirí agus Scoileanna éagsúla a bhíonn i gceist le gach ceann de na mórchláir taighde; baineann gach clár taighde le hinfheistíocht atá suntasach agus dírithe, agus bíonn siad dírithe ar an inbhuanaitheacht mar chuid den phlean straitéiseach. Áirítear Institiúidí Taighde Choláiste na Tríonóide (an leibhéal is airde den struchtúr taighde san ollscoil) ar cheann de na modhanna infheistíochta. Bíonn gach ceann ag feidhmiú ar bhonn trasdáimhe agus táthar ag súil go ndéanfar tionchar idirnáisiúnta a imirt maidir le hinfheistíochtaí taighde.

Aidhm bhreise atá ag straitéis taighde Choláiste na Tríonóide ná déileáil le dúshlán domhanda. An féidir le pobal scoláirí 'mórdhúshlán' a chuir rompu a fhreagraíonn do shochaí na linne seo?

Déanann an maitrís taighde iarracht déileáil leis an gceist trí theacht le chéile taighde agus léinn atá curtha i gcrích i Scoileanna leis an gcúig théama tosaíochta taighde. Soláthraíonn cruthaitheacht sna hEalaíona agus Daonnachtaí, agus torthaí taighde sna hEalaíona agus Daonnachtaí, athruithe inár gcuid smaointeoireachta, sna luachanna atá againn, agus sna léirmhínithe atá againn dínn féin agus den domhan mórthimpeall orainn. Cuireann siad an bonneagar cultúrtha ar fáil a dhéanann sinn a chothú mar shochaí. Tugann na hEolaíochtaí Sóisialta tuiscint dúinn faoin tsochaí freisin, agus cabhraíonn siad linn fadhbanna a shainmhíniú agus réitigh a aimsiú ar shaincheisteanna casta na heacnamaíochta, na polaitíochta agus na socheolaíochta. Is cinntitheach mór den inbhuanaitheacht í an teicneolaíocht. Go deimhin, breathnaítear ar inbhuanaitheacht go hiondúil i dtéarmaí teicneolaíochta mar spreag feabhsuithe san eolaíocht agus san innealtóireacht fás sa daonra domhanda agus athrú aeráide, agus chuir siad brú ar acmhainní nádúrtha an domhain.Tugann an teicneolaíocht deiseanna iontacha agus dúshláin mhóra don chine daonna maidir le ceisteanna na hinbhunaitheachta a láimhseáil, ag díriú ar inbhuanaitheacht na bithéagsúlachta agus fiú amháin an bheatha féin. Dá réir sin, molann an straitéis taighde seo "Sochaí Inbhuanaithe" mar théama cóineasaithe do Choláiste na Tríonóide. Aimseofar modhanna nuálacha chun an téama sin a scrúdú trí dheiseanna a thairiscint do scoláirí agus taighdeoirí chun é a shainmhíniú agus dul i ngleic leis sna disciplíní uile.

**GNÍOMHARTHA**

### 3.1 — Príomhthaighdeoirí den scoth a mhealladh agus a fhorbairt

Déanfaimid atreisiú ar an mbunús foirne acadúil trí fhoireann acadúil den scoth a earcú chun cothabháil agus forbairt bhreise a dhéanamh ar sheasamh taighde-stiúrtha na hollscoile; beidh cláir taighde ag na baill foirne sin, is cuma cén disciplín, atá ag teacht leis an gcúig théama tosaíochta taighde atá againn. Beidh maoiniú na mball foirne nua sin ó fhoinsí lasmuigh den Státchiste mar phríomhsprioc san straitéis airgeadais (Gníomh 6.17). Chun an tionscnamh nua seo a lainseáil, tá maoiniú de c. €3m faighte cheana féin ó shruthanna ioncaim lasmuigh den státchiste. Cuirfidh an maoiniú sin suas le 20 baill foirne acadúla nua ar fáil in aghaidh na bliana sna blianta 2010 agus 2011.

### 3.2 — Foinsí maoinithe taighde a éagsúlú

Leathnófar bunús na tacaíochta airgeadais do thaighde trí chodán an ioncaim ó fhoinsí lasmuigh den Státchiste a mhéadú. Déanfaimid tacaíocht bhreise a lorg dár ngníomhaíochtaí taighde ó dhaonchairde agus ónár alumni. Méadóimid codán an mhaoinithe ón AE do thaighde agus méadóimid rannpháirtíocht Choláiste na Tríonóide i gcláir taighde an AE freisin.

### 3.3 — Institiúidí agus Ionaid Taighde Choláiste na Tríonóide a Threisiú

Is cuid lárnach den straitéis chun tionchar domhanda a imirt i gcúrsaí taighde iad Institiúidí agus Ionaid Taighde Choláiste na Tríonóide (ITCT). Díríonn siad ar thaighde idirdhisciplíneach agus ildisciplíneach agus ar theagasc. Bunófar Institiúidí agus Ionaid nua agus dúnfar cinn nach bhfuil rath orthu. Déanfar forbairt bhreise ar rialachas agus ar shamhlacha maoinithe inbhuanaithe. Faoi 2014, tiocfaidh ITCT breise chun cinn ar bhealach a dhéanfar gach ceann den chúig théama tosaíochta taighde a stiúradh trí struchtúr atá ailínithe. Léiríonn ITCT agus na hIonaid a gcuid rannpháirtíochta sa téama cóineasaithe Sochaí Inbhuanaithe.


### 3.4 — Cáilíocht an taighde a chur chun cinn a thuilleadh

Déanfaimid clár meantóireachta a chur i bhfeidhm le cumas na mball foirne a bhaint amach go hiomlán. Déanfar méadraigh na cáilíochta taighde a chur san áireamh leis an dáileadh acmhainní chun luach saothair a chur ar fáil do rannpháirtíocht mhéadaithe i gcúrsaí taighde sa Choláiste.

### 3.5 — Cuibhreannais taighde ildisciplíneach a chothú

Tar éis rath Chuibhreannais Choláiste na Tríonóide ar Dhul in Aois agus tionscadal na nDaonnachtaí Digiteacha (comhoibriú idir an Leabharlann agus Mol an tSeomra Fhada, Coláiste na Tríonóide), déanfar tionscadail uaillmhianacha ar ollscála atá comhchosúil leo a cheapadh, a chothú agus a chur i bhfeidhm. Fásfaidh na tionscadail taighde foireann-bhunaithe seo atá ar ollscála ó ghníomhaíochtaí píolótacha atá aitheanta ag na Dámha agus cuirfidh siad cláir agus treoracha nua ar fáil do chúrsaí taighde i gColáiste na Tríonóide.

## **Comhoibriú ar fud an Domhain** (Comhfhoilseacháin Choláiste na Tríonóide 2002–2007)




### **Comhoibrithe Domhanda**

| | |
|---|---|
| An Airgintín [ARG] | 5 |
| An Astráil [AUS] | 145 |
| Bairéin [BHR] | 2 |
| An Bhrasaíl [BRA] | 25 |
| Ceanada [CAN] | 92 |
| An tSile [CHL] | 11 |
| An Cholóim [COL] | 2 |
| Cósta Ríce [CRI] | 2 |
| An Éigipt [EGY] | 5 |
| An Ghaimbia [GMB] | 2 |
| An India [IND] | 70 |
| Iosrael [ISR] | 42 |
| An tSeapáin [JPN] | 93 |
| An Chéinia [KEN] | 12 |
| An Mhalaeisia [MYS] | 4 |
| Meicsiceo [MEX] | 8 |
| An Nua-Shéalainn [NZL] | 18 |
| An Phacastáin [PAK] | 2 |
| Panama [PAN] | 2 |
| Daon-Phoblacht na Síne [CHN] | 60 |
| An Rúis [RUS] | 125 |
| An Araib Shádach [SAU] | 2 |
| Singeapór [SGP] | 8 |
| An Afraic Theas [ZAF] | 12 |
| An Chóiré Theas [KOR] | 20 |
| An Tansáin [TZA] | 5 |
| An Téalainn [THA] | 4 |
| An Tuirc[TUR] | 18 |
| Uganda [UGA] | 3 |
| Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha [ARE] | 7 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá [USA] | 647 |
| Vítneam [VNM] | 2 |

### **Comhoibrithe Eorpacha** (EUR) **3164**

| | |
|---|---|
| An Ostair | 47 |
| An Bheilg | 96 |
| An Bhealarúis | 6 |
| An Bhulgáir | 8 |
| An Chróit | 2 |
| An Chipir | 4 |
| Poblacht na Seice | 20 |
| An Danmhairg | 82 |
| Sasana | 755 |
| An Eastóin | 8 |
| An Fhionlainn | 60 |
| An Fhrainc | 274 |
| An Ghearmáin | 365 |
| An Ghréig | 38 |
| An Ungáir | 25 |
| An Íoslainn | 7 |
| An Iodáil | 181 |
| An Laitvia | 8 |
| An Liotuáin | 7 |
| Lucsamburg | 4 |
| An Mhacadóin | 9 |
| An Ísiltír | 155 |
| Tuaisceart Éireann | 154 |
| An Iorua | 40 |
| An Pholainn | 39 |
| An Phortaingéil | 55 |
| An Rómáin | 20 |
| Albain | 156 |
| An tSeirbia | 2 |
| An tSlóvaic | 9 |
| An tSlóivéin | 16 |
| An Spáinn | 159 |
| An tSualainn | 110 |
| An Eilvéis | 113 |
| An Úcráin | 2 |
| An Bhreatain Bheag | 128 |

## Institiúidí Taighde agus Cuibhreannais Taighde agus Teagaisc Ildisciplínigh

### CRANN—Institiúid Naineolaíochta

Bhronn Fondúireacht Eolaíochta Éireann cúig ghradam Príomhthaighdeora sa réimse taighde naineolaíochta ar acadóirí i gColáiste na Tríonóide in 2003, a thug deis do Choláiste na Tríonóide cinneadh straitéiseach a dhéanamh chun Ionad Taighde um Naineastuchtúir agus Naineafhearais Oiriúnaitheacha (Centre for Research on Adaptive Nanostructures and Nanodevices) (CRANN) a bhunú. Trí mheascán de thabhartais dhaonchairdiúla, maoiniú tionsclaíochta agus infheistíocht rialtais, bhunaigh CRANN dhá shaoráid taighde den scoth agus tá méadú tagtha ar an bhfoireann atá acu go dtí níos mó ná 200 taighdeoir lena n-áirítear 17 bpríomhthaighdeoir. Trí pháipéir taighde a fhoilsiú go leanúnach in irisí atá aitheanta go hidirnáisiúnta, bhrúigh CRANN an naineolaíocht in Éirinn ar aghaidh chuig an 6ú háit ar domhan. Lena chois sin, bhunaigh CRANN caidrimh shuntasacha tionsclaíochta le comhlachtaí ilnáisiúnta (Intel, Hewlett Packard, Boston Scientific) agus fiontair bheaga dúchasacha – ag soláthar toradh soiléir eacnamaíochta d'Éirinn. D'éirigh le Coláiste na Tríonóide, trí CRANN, samhail a fhorbairt le haghaidh institiúid taighde a dhéileálann le príomheilimintí físe an Choláiste – taighde, oideachas agus nuálaíocht.

### An Institiúid um Léinn Chomhtháthaithe Idirnáisiúnta (ILCI)

Bunaíodh an Institiúid um Léinn Chomhtháthaithe Idirnáisiúnta in 2002 bunaithe ar iarratas iomaíochta ar an gClár Rialtais um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal. D'aithin deonú na dámhachtana stair láidir Choláiste na Tríonóide i gcúrsaí taighde agus sna heolaíochtaí sóisialta agus gnó, agus i réimse an staidéir ar dhomhandú, ag díriú go háirithe ar Éirinn, ar an Eoraip agus ar chomhtháthú idirnáisiúnta.

Ón tréimhse sin i leith, d'fhás an Institiúid go dtí níos mó ná 80 Comhaltaí Taighde ó bhaill foirne na Scoileanna eolaíochta sóisialta agus gnó, mar aon leis na disciplíní gaolmhara i gcúrsaí dlí, staire, tíreolais agus éacúiméinice. Ag aon uair amháin, bíonn thart ar 40 mac léinn iarchéime i mbun oibre ar shaincheisteanna faoi dhomhandú i gcóiríocht na hInstitiúide in Ionad Sunderland.

Leanann taighdeoirí na hInstitiúide ag mealladh maoinithe atá suntasach chun tuiscint bhreise a fháil ar na dúshláin a leanas: forbairt dhomhanda, imirce, airgeadas idirnáisiúnta agus margaí caipitil, institiúidí polaitiúla comparáideacha agus gnó idirnáisiúnta, mar aon le réimsí eile.

### Mol an tSeomra Fhada, Coláiste na Tríonóide

Is institiúid taighde sna daonnachtaí agus dána é Mol an tSeomra Fhada, Coláiste na Tríonóide. Bunaíodh an Institiúid i Meitheamh 2006 agus bhronn an tÚdarás um Ard-Oideachas €10.8 milliún uirthi faoin gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (CTITL) i Lúnasa 2007. Cuimsíonn na hEalaíona agus Daonnachtaí i gColáiste na Tríonóide thart ar 150 acadóir agus 350 mac léinn iarchéime. Baineann na healaíona agus daonnachtaí le tuiscint a fháil ar spreagadh agus ar thosaíochtaí an chine daonna, agus dá bhrí sin, tá siad tábhachtach don rath eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha. Treoraíonn an Mol forbairt na dtionscnamh straitéiseach, cosúil leis na daonnachtaí digiteacha, staidéir ar Dheisceart na hÁise, na daonnachtaí míochaine agus comhshaoil, agus tacú le taighde aonair d'ardchaighdeán agus le tionscnaimh leabharlann-bhunaithe freisin. Cuireann Mol an tSeomra Fhada, Coláiste na Tríonóide for-rochtain agus rochtain chun cinn don phobal ginearálta, do lucht déanta beartas, agus do scoileanna, ag idirghníomhú leis na tionscail chruthaitheacha agus TF, le domhan na hoidhreachta cultúrtha agus leis na meáin.

## An Institiúid Náisiúnta um Mhíchumas Intleachta (INMI)

Is é cuimsiú trí mheán oideachais, taighde agus tacaíochta misean an INMI. Laistigh de réimse an oideachais, cuireann an Institiúid cuimsiú chun cinn tríd an Teastas sa Mhaireachtáil Chomhaimseartha ceannródaíoch. Is é seo an chéad chúrsa lánaimseartha do mhic léinn faoi mhíchumas intleachta atá á thairiscint san oideachas tríú leibhéal in Éirinn, agus tá sé thar a bheith nuálaíoch i dtéarmaí idirnáisiúnta. Saibhríonn an INMI eispéireas go leor mac léinn fochéime eile i gColáiste na Tríonóide trí chabhrú leo a dtuiscint ar cheisteanna míchumais a mhéadú.

Tá clár taighde láidir ag an INMI i gcomhar le go leor comhpháirtithe i gColáiste na Tríonóide agus comhpháirtithe idirnáisiúnta. Tá an Institiúid tiomanta do thaighde cuimsitheach agus éascaíonn sí oiliúint le haghaidh daoine faoi mhíchumais intleachta agus le haghaidh ball dá dteaghlach le bheith ina gcomhthaighdeoirí i dtionscadail atá tábhachtach dá saol.

I réimse na haighneachta, eagraíonn an INMI clár imeachtaí chun feasacht an phobail a ardú maidir le maireachtáil faoi mhíchumais intleachta. Sampla den mhéid seo is ea an chéad Scoil Samhraidh de chuid na INMI a eagraíodh le déanaí thar thréimhse trí lá i gColáiste na Tríonóide. Bhí 165 duine rannpháirteach ann. Bhí an réimse ceardlann a cuireadh ar fáil comhtháite ina hiomláine, agus bhí daoine faoi mhíchumais intleachta ina suí in aice lena gcomhpháirtithe nach raibh faoi mhíchumas sna seisiúin. Don INMI, is éard atá i gceist le Rannpháirtíocht sa tSochaí ná cláir agus gníomhaíochtaí a chur chun cinn ina fheiceann na páirtithe leasmhara na cearta aistrithe curtha i ngníomh.

## Institiúid Eolaíochta Néarchórais Choláiste na Tríonóide (IENCT)

Díorthaíonn eolaíocht néarchórais ó mháthairdhisciplíní lena n-áirítear síceolaíocht, fiseolaíocht agus fealsúnacht, mar aon le bithcheimic, síciatracht, íomháú inchinne, géineolaíocht agus réimsí eile. Nuair a chomhcheanglaítear láidreachtaí taighde trasna disciplíní le leibhéil anailíse atá dírithe ar fhadhbanna bunúsacha taighde, tagann sineirgí chun cinn nach mbeadh le brath ó dhisciplín aonair. Le IENCT, tá ceann de na hinstitiúidí eolaíochta taighde néarchórais is ceannasaí san Eoraip i gColáiste na Tríonóide. Tá IENCT ag freastal ar 42 acadóir agus Príomhthaighdeoir cliniceora-eolaí agus ar a ngrúpaí taighde (líon iomlán foirne: thart ar 250). Tá na teicneolaíochtaí taighde is forbartha (lena n-áirítear córais ardchaighdeáin MR, samhlacha réamhchliniciúla, daonraí othar, bithshamplaí agus géinitíopáil) ar fáil don IENCT. Tá féidearthacht ann go mbeidh néarchúram agus néartheiripí pearsantaithe ann sna blianta amach romhainn. Beidh IENCT ceannródaíoch sna forbairtí sin in Éirinn agus ar leibhéal domhanda, trí mheascán de thaighde bhunúsach, atá dírithe ar fhadhbanna agus ar chomhoibrithe tionsclaíoch ar ollscála mar aon le comhoibrithe eile.

## Staidéir Fhadaimseartha

Rinneadh an dhá staidéar fadaimseartha cohóirt is mó riamh sa stát a chur i gcrích i gColáiste na Tríonóide: ‘Growing up in Ireland’—Staidéar Fadaimseartha ar Leanaí, i gcomhar leis an ESRI agus Staidéar Fadaimseartha na hÉireann um Dhul in Aois (The Irish Longitudinal Study on Ageing) (TILDA), i gcomhar le hinstitiúidí eile. Seo iad na staidéir dá gcineál is suntasaí a cuireadh i gcrích riamh in Éirinn agus feabhsaíonn siad ár dtuiscint ar ghnéithe uile de shaol leanaí agus daoine fásta os cionn 50 bliain d’aois, agus na tosca a imríonn tionchar ar chúrsaí sláinte, rachmais agus sonais na ndaoine sin. Úsáidfear na torthaí chun beartais agus seirbhísí níos fearr a phleanáil agus chun cinntiú go mbeidh Éire suite go maith ag leibhéal domhanda mar áit le fás aníos agus dul in aois.

Díríonn an dhá staidéar ar chúrsa an tsaoil daonna, ó thaobhanna urchomhaireacha, agus tugtar deiseanna iontacha do lucht taighde Choláiste na Tríonóide cúnamh i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm eolais, gur féidir a úsáid chun cuidiú le daoine ag gach céim dá saol lena lánacmhainneacht a bhaint amach.

## Cruthaitheacht agus nuálaíocht

Soláthraíonn úsáid úr chruthaitheach na dtorthaí taighde agus léinn deiseanna spreagúla i ndisciplíní uile na hollscoile. Feictear tairbhe shochaíoch ó thaighde agus léann ar mhórán bealaí, lena n-áirítear tionchar ar an saol ealaíne agus cultúrtha, agus dúshaothrú tráchtála na smaointe chun fostaíocht a chruthú. Leagaimid béim láidir ar nuálaíocht mar phríomhghné de ghníomhaíochtaí na hollscoile, mar aon le teagasc agus taighde.

Tabharfar deiseanna nua dár mbaill foirne agus mic léinn chun a gcuid smaointe a aistriú ar bhealach a sholáthraíonn an buntáiste sóisialta féideartha is leithne agus ar bhealach a bhaineann gach duine leas ó thorthaí an taighde. Cuimseoimid coincheap na rochtana oscailte chun cinntiú go bhfuil torthaí taighde an Choláiste ar fáil don lucht féachana/éisteachta is leithne ar domhan.

Aistreoimid ó ghabháil na maoine intleachta chuig cruthú agus scálú fiontair nua. Cothóimid timpeallacht dhearfach idirnáisiúnta don rannpháirtíocht tionscail-acadúil i gcláir taighde, agus Coláiste na Tríonóide a lonnú dá réir mar chomhpháirtí roghnaithe i ndáil le nuálaíocht oscailte.

Déanfaimid an coincheap de Bhaile Átha Cliath mar chathair ollscoile a chur chun cinn i gcomhar le hinstitiúidí eile sa chathair a bhfuil na cuspóirí céanna acu.

## Fiontraíocht agus fiontar

Chuir Coláiste na Tríonóide tús le mórfhiontair seachthairbhe cosúil le Iona Technologies, Machine Vision Technologies, Opsona Therapeutics, IdentiGEN, Eblana Photonics agus Havok, agus tá comhpháirtíochtaí cothaithe againn le comhlachtaí ilnáisiúnta cosúil le Glaxo-SmithKline, IBM, Intel agus Microsoft i gcláir thaighde agus forbartha atá chun leasa a chéile. Creidimid go bhfuil ceannaireacht bhreise ag teastáil, agus tá sé beartaithe againn tógáil ar an méid atá bainte amach againn tríd an gcéad chéim straitéiseach eile, trí chultúr nuálaíochta oscailte a ghlacadh san institiúid uile, agus Coláiste na Tríonóide a bhunú mar áit ina bhfuil sé éasca gnó a dhéanamh maidir le taighde agus tráchtálú an taighde.

Déanfar athrú ó ghabháil na maoine intleachta go dtí úsáid na maoine intleachta agus fiosrófar na bealaí is fearr chun luach réadúil a bhaint amach inár rannpháirtíochtaí aistrithe eolais—do Choláiste na Tríonóide, dár gcomhpháirtithe agus don tsochaí.

**GNÍOMHARTHA**

### 3.6 — Samhail nua a fhorbairt do bhainistíocht na maoine intleachta

Déanfaidh Bord an Choláiste maoirsiú ar chruthú beartais nua maidir le bainistíocht agus dúshaothrú na maoine intleachta (atá díorthaithe ó ghníomhaíochtaí Choláiste na Tríonóide). Cuirfear béim ar

- sreabhadh agus cumasú beart,
- moilleanna ar imeachtaí tráchtála a íoslaghdú,
- aistriú eolais a uasmhéadú, agus
- luach saothair cothrom a sholáthar don institiúid.

Trí bheartas nuálaíochta oscailte a ghlacadh, déanfar Coláiste na Tríonóide a shuíomh, le lucht tionsclaíochta, mar chomhpháirtí nádúrtha i ndáil le nuálaíocht oscailte. Chun fostaíocht a chruthú, spreagfaimid bunú comhlachtaí campais agus cuirfimid dreasachtaí foirne ar fáil ar mhaithe le comhlachtaí nua a bhunú trí shos gairme agus obair pháirtaimseartha a thairiscint nuair is féidir. Cruthófar clár cónaitheachta nuálaithe leis an bpróiseas sin a threorú.

### 3.7 — Bonneagar taighde nua a chur ar fáil

Bíonn bonneagar tacaíochta den scoth ag teastáil chun taighde agus nuálaíocht den scoth a bhaint amach. Tá Coláiste na Tríonóide tiomanta don seachadadh leanúnach a bhaineann le Clár Forbartha Phasáiste an Phiarsaigh agus don bonneagar fisiceach riachtanach a thabhairt chun cinn chun tacú lenár misean taighde. Le linn tréimhse forfheidhmithe an phlean straitéisigh, déanfaimid infheistíocht ar ardscála a threorú chuig cláir bonneagair sna réimsí a leanas

- Eolaíochtaí Bitheacha agus Leigheas Aistritheach,
- Na Daonnachtaí Digiteacha agus Mol an tSeomra Fhada,
- Institiúid na nEolaíochtaí Sóisialta,
- comhdhlúthú na Scoileanna, mar shampla Scoil na hInnealtóireachta agus Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha,
- Campas Fiontraíochta agus Teicneolaíochta Choláiste na Tríonóide,
- Institiúid na Míochaine Coiscthí in Ospidéal Thamhlachta.

Déantar maoiniú maidir leis na hEolaíochtaí Bitheacha a lorg faoin gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal, agus trí chomhpháirtíocht phríobháideach-phoiblí trí thacaíocht saoráide atá curtha ar fáil ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. Tá Mol an tSeomra Fhada maoinithe ag an gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal agus trí thabhartais phríobháideacha. Déanfar maoiniú a lorg do na mórthionscadail bhonneagair atá fágtha ón Stát, ó thabhartais daonchairdiúla, agus ó ghníomhaíochtaí tiomsaithe airgid atá stiúrtha ag Scoileanna i gcomhar le Fondúireacht Choláiste na Tríonóide.

Cé go bhfuil luach saothair mór le fáil ag Coláiste na Tríonóide trí thionscadail taighde bonneagair mar sin a sheachadadh, tá baol mór ann freisin nach ndéanfar na gníomhaíochtaí sin a chur i gcrích láithreach nuair a chuirtear éiginnteacht na gcúinsí eacnamaíochta reatha san áireamh. Má bhíonn rath ar an infheistíocht, leagfar bunchloch láidir don todhchaí i ndáil le céimeanna an taighde cláir agus comhoibrithe straitéiseach tionscail-acadúla, mar chuid dár gcomhpháirtíocht leanúnach leis an gcathair.













Faoin mbliain 2014, beidh ionad nua mac léinn ag Coláiste na Tríonóide, a chuirfidh leis an méid a chuirtear ar fáil do mhic léinn trí chlubanna agus chumainn. Beidh seirbhísí mac léinn bunaithe ar na mic léinn, beidh siad solúbtha agus beidh siad comhordaithe go maith. Beidh bealaí nuálacha breise aimsithe againn chun rannpháirtíocht na mac léinn i gclubanna, i gcumainn agus in obair dheonach a chur chun cinn.



04

# Eispéireas na Mac Léinn

**Tá ár dtiomantas d'fhorbairt intleachtach agus phearsanta ár gcuid mac léinn ag croílár ghníomhaíochtaí uile an Choláiste. Cuimsíonn an eispéireas fhoghlama a chuirimid chun cinn i gColáiste na Tríonóide an fhoghlaim fhoirmiúil a tharlaíonn i hallaí léachtaí agus i saotharlanna, agus an fhoghlaim neamhfhoirmiúil, nach bhfuil chomh struchtúrtha, a tharlaíonn i ngníomhaíochtaí taobh amuigh den seomra ranga. Cuireann córas na n-oidí agus an córas scoláireachta fianaise fheiceálach ar fáil maidir leis an tiomantas seo: tá fáil ag mic léinn ar oide a chuireann cúram tréadach ar fáil agus tá gach fochéimí incháilithe chun cur isteach ar na scrúduithe scoláireachta sa dara bliain.**

Faoin mbliain 2014, beidh ionad nua mac léinn ag Coláiste na Tríonóide, a chuirfidh leis an méid a chuirtear ar fáil do mhic léinn trí chlubanna agus chumainn. Beidh seirbhísí mac léinn bunaithe ar na mic léinn, beidh siad solúbtha agus beidh siad comhordaithe go maith. Beidh bealaí nuálacha breise aimsithe againn chun rannpháirtíocht na mac léinn i gclubanna, i gcumainn agus in obair dheonach a chur chun cinn.

Cuireann pobal an Choláiste timpeallacht ar fáil a chuireann stór i smaoineamh neamhspleách, agus a spreagann mic léinn chun scileanna anailíseacha agus criticiúla láidre a fhorbairt—scileanna a fhorbraítear, ní hamháin sa mhúineadh agus san fhoghlaim fhoirmiúil, ach trí rannpháirtíocht na mac léinn i rialachas an Choláiste, agus i gclubanna spóirt agus i gcumainn na mac léinn.

Tá ról tábhachtach ag alumni maidir le cur le eispéireas fhoriomlán na mac léinn, agus mar sinn déanfaimid iarracht rannpháirtíocht alumni a mhéadú trí mheantóireacht agus trí fhoghlaim bunaithe ar obair agus ar thaighde.

Tá roinnt dúshlán ann don Choláiste agus é ag déanamh iarracht feabhas a chur ar thaithí na mac léinn, lena n-áirítear:

- *seirbhísí d'ardchaighdeán a chur ar fáil i dtimpeallacht airgeadais dhúshlánach,*
- *seirbhísí den chineál seo a chur ar fáil do phobal mac léinn níos mó agus níos éagsúla, a chuimsíonn mic léinn ó chúlraí neamhthraidisiúnta agus mic léinn idirnáisiúnta (a bhaineann níos mó úsáide as seirbhísí do mhic léinn, go hiondúil),*
- *struchtúr nua eagraíochtúil an Choláiste a oiriúnú chun tacaíocht níos fearr a chur ar fáil do mhic léinn, ag tabhairt,*
- *tacaíochta do mhic léinn a bhfuil brú airgeadais níos mó orthu mar gheall ar chomh héiginnte is atá an timpeallacht airgeadais reatha.*

Déantar na bearta a mbeidh an Coláiste ag tabhairt fúthu sna cúig bliana amach romhainn chun eispéireas fhoriomlán na mac léinn a fheabhsú a láimhseáil faoi thrí cheannteideal:

- *eispéireas saoil,*
- *idirghníomhaíochtaí oideachasúla, agus*
- *idirghníomhaíochtaí tacaíochta.*

Beidh tacaíocht á fáil ag na gníomhaíochtaí seo, agus beifear á gcomhlánú, trí ghníomhaíochtaí atá aitheanta i gcaibidil eile den phlean straitéiseach seo, go háirithe iad siúd atá i gCaibidil 2, Oideachas, agus i gCaibidil 5, Rannpháirtíocht sa tSochaí. Mura luaitear a mhalairt, cuirfear na gníomhaíochtaí seo i bhfeidhm ag úsáid acmhainní atá ann cheana féin.

## Clubanna agus cumainn Choláiste na Tríonóide

Tá clubanna spóirt agus cumainn do mhic léinn mar chuid lárnach de thaithí mhic léinn na Tríonóide síos trí na blianta. Bíonn an obair a dhéanann siad taobh istigh de chlubanna agus de chumainn ar an ngné is tábhachtaí dá saol sa choláiste i gcás go leor de na mic léinn, agus cuireann sí deiseanna ar fáil maidir le cairde a dhéanamh, forbairt go sóisialta agus fás go pearsanta. Tugann na clubanna agus na cumainn atá sa Choláiste léargas ar na rudaí a cheapann na mic léinn atá tábhachtach dóibh féin, dá n-áit sa Choláiste agus dá n-áit sa domhan.

Tá réimse suime níos mó ná mar a bhí riamh le fáil sna clubanna agus cumainn anois, agus beagnach 100 cumann agus 50 club spóirt ann:

— Idir thraidisiúin bhreátha Chumann Staire an Choláiste (1770), ceann de na cumainn díospóireachta is sine ar domhan, agus shaol mear síorathraitheach an Chumainn Faisin (2009),

— Idir réamhtheachtaí stairiúla Chlub Rugbaí an Choláiste (1854), a d'fhéadfadh a bheith ar an gclub is sine ar domhan, agus spóirt nua-aimseartha na clársciála agus 'ultimate Frisbee',

— Idir ghníomhaíochtaí áineasa cultúrtha agus intleachtacha na gCumann Clasaiceach, Ríomheolaíochta, Fichille, agus Córúil agus ghníomhaíochtaí saoránaíochta agus for-rochtana Chumann Naomh Uinseann de Pól, an Ionaid Saorchomhairle Dlí agus na gCumann Ailse,

— Idir an obair foirne agus an iarracht aontaithe atá mar chuid de shaol na gClubanna Bádóireachta, Iománaíochta agus Haca, agus fhéin-disciplín agus intinn dhírithe na ndaoine a ghlacann páirt sna Clubanna Lúthchleasaíochta, Dreapadóireachta agus Cadhcála.

Léiríonn na cláir acadúla go bhfuil ár gcéimithe tar éis freastal ar cheann de na hollscoileanna is fearr ar domhan, agus is léir ó na clubanna agus na cumainn, mar phobail rannpháirtíochta, go bhfuil eispéireas faighte ag ár gcéimithe ar Alma Mater den scoth.

## Eispéireas saoil

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ

### 4.1 — Ionad mac léinn a oscailt

Osclóidh an Coláiste ionad mac léinn a chuirfidh breis spáis ar fáil do sheirbhísí tacaíochta, caithimh aimsire agus sóisialta d'ardchaighdeán ar aon suíomh amháin. Tabharfaidh sé le chéile gníomhaíochtaí atá scaipthe amach faoi láthair, agus cuirfidh sé ionaid nua ar fáil do chumainn agus do chlubanna, chomh maith le hionad a chur ar fáil d'imeachtaí a eagraíonn na mic léinn. Cuirfidh an t-ionad seo féin-fhreagracht chun cinn i measc na mac léinn, agus feidhmeoidh sé de réir an phrionsabail nach féidir gníomhaíocht mac léinn a chur i bhfeidhm, ach go gcaithfidh sí a theacht ó na mic léinn féin.

Costas de €22 milliún atá i gceist chun ionad mac léinn a sholáthar, agus déanfar é a mhaoiniú trí mheascán d'fhoinsí tráchtála/neamh-Státchiste, tiomsú airgid ag Fondúireacht na Tríonóide, agus tobhach do mhic léinn. I measc na bpriacal a aithníodh, tá an deacracht a bhaineann le tiomsú airgid sna cúinsí eacnamaíochta reatha, agus an baol nach gceadófaí tobhach na mac léinn i reifreann.

### 4.2 — Rannpháirtíocht phoiblí a spreagadh i measc na mac léinn

Tá an Coláiste tiomanta do rannpháirtíocht phoiblí agus obair dheonach bhreise a chur chun cinn, a spreagadh agus a dhreasú i measc bhaill phobal an Choláiste. Cuireann rannpháirtíocht phoiblí na mac léinn an deis ar fáil dóibh cur leis an tsochaí, agus, ag an am céanna, scileanna inaistritheacha a fháil a chuireann forbairt phearsanta chun cinn.

### 4.3 — Stíl mhaireachtála shláintiúil a chur chun cinn i measc na mac léinn

Cuirfimid stíl mhaireachtála shláintiúil agus ghníomhach chun cinn i measc mac léinn trí ghníomhaíochtaí cosúil leis an tSeachtain Feasachta Sláinte agus trí sholáthar áiseanna agus cláir spóirt, agus leanfaimid ag cur seirbhísí sláinte agus comhairleoireachta d'ardchaighdeán ar fáil.

## Idirghníomhaíochtaí oideachasúla

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

### 4.4 — Soghluaisteacht mac léinn a mhéadú mar chuid de mhalartuithe idirnáisiúnta

Cuirfear cláir le chéile, chomh fada agus is féidir, chun cur ar chumas mac léinn páirt a ghlacadh i malartuithe idirnáisiúnta agus méadóidh an líon mac léinn rannpháirteach, lena n-áirítear iad siúd a ghlacann páirt i malartuithe Erasmus.

### 4.5 — Na deiseanna foghlama taobh amuigh den seomra ranga a uasmhéadú

Sa chás nach bhfuil sé seo fíor cheana féin, dearfar cláir fochéimithe chun foghlaim bunaithe ar thaighde, ar sheirbhís agus ar obair a éascú.

### 4.6 — Tacaíocht a chur ar fáil d'fhir agus do mhná spóirt atá ag cruthú go han-mhaith

Aithnímid gur féidir le spórt cur go mór le forbairt phearsanta mac léinn ar leith. Aithnímid freisin na bealaí éagsúla inar féidir le fir agus mná spóirt atá ag cruthú go han-mhaith pobal an Choláiste a spreagadh. Mar sin, cinnteoimid go ndéanann soláthar léachtaí agus measúnuithe éascú ar rannpháirtíocht mac léinn i dtraenáil agus i gcomórtais spóirt, chomh fada agus is féidir.

## Idirghníomhaíochtaí tacaíochta

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

### 4.7 — Seirbhísí tacaíochta do mhic léinn a fheabhsú agus a leathnú

Tá feabhsú sheirbhísí tacaíochta do mhic léinn ina chuid fhíorthábhachtach de chur chun cinn thaithí na mac léinn, agus bainfear é seo amach trí atheagrú agus trí thús áite a thabhairt de réir na n-acmhainní atá ar fáil. Ag an am céanna, coinneofar agus forbrófar na seirbhísí a fhágann go ndéanann an Coláiste freastal sainiúil ar na mic léinn. D'fhéadfadh comhoibriú cuí le hinstitiúidí eile a bheith i gceist leis seo agus bainfidh sé an sochar is mó is féidir ó na deiseanna atá á gcur ar fáil ag

- ionad na mac léinn (Gníomh 4.1), agus
- an Straitéis Chumasúcháin.

Laistigh de thréimhse ama an phlean straitéisigh seo, leagfar béim ar sholáthar éifeachtúil seirbhísí breisithe ar bhealach atá furasta le húsáid.

Aimseoimid agus tabharfaimid faoi riachtanais maidir le feabhas a chur ar sholáthar reatha seirbhísí do mhic léinn, cosúil leis an riachtanas maidir le tacaíocht bhreise do mhic léinn iarchéime agus do mhic léinn idirnáisiúnta trí, m.sh. córas na n-oidí; tacaíocht bhreise a thabhairt do mhic léinn ar mhíchumas (lena n-áirítear mic léinn a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu) agus trí sholáthar cúram leanaí feabhsaithe.

### 4.8 — Tacaíocht foghlama a chur ar fáil

Cuirfear tacaíocht foghlama cuí ar fáil do mhic léinn chun cabhrú leo a gcumas iomlán a bhaint amach, agus comhcheanglófar an tacaíocht sin le soláthar na Scoileanna.

### 4.9 — Teacht isteach mac léinn nua i mballraíocht iomlán phobal an Choláiste a éascú


Feabhsóimid nósanna imeachta fáiltithe agus insealbhaithe do na mic léinn uile. Rachaimid i dteagmháil le mic léinn ionchais chomh luath agus a chuireann siad in iúl go bhfuil suim acu teacht chuig an gColáiste; déanfaimid é seo trí mheáin éagsúla, lena n-áirítear uirlisí líonraithe shóisialta. Cuirfimid seisiúin insealbhaithe sainiúla atá deartha do mhic léinn ó thaobh amuigh d'Éirinn ar fáil freisin. Beidh an fhreagracht maidir le fáiltiú agus insealbhú mac léinn nua leagtha amach go soiléir.






























San fhís atá againn do 2014, feictear gníomhaíochtaí faoin gceannteideal "Rannpháirtíocht sa tSochaí" mar chuid lárnach de bhaint amach mhisean Choláiste na Tríonóide. Beidh siad comhordaithe, éifeachtúil, agus beidh tionchar seasmhach acu. Beidh ról tábhachtach acu maidir le Baile Átha Cliath a fhorbairt mar chathair spreagúil chun cónaí agus maireachtáil inti—cathair cultúrtha agus smaointeoireachta, príomhchathair bheomhar shochaí oscailte.



05

# Rannpháirtíocht sa tSochaí

**Tá gníomhaíochtaí for-rochtana Choláiste na Tríonóide fite fuaite i saol an Choláiste. Cuireann an cineál rannpháirtíochta poiblí seo ar ár gcumas dul i ngleic leis an tsochaí ar go leor bealaí, atá chun sochair an Choláiste agus an phobail araon. Sna blianta atá amach romhainn, leathnóimid ár gcomhpháirtíocht leis an tsochaí ar bhealach a láidríonn ár ngníomhaíochtaí lárnacha eile agus a dhéanann iad a chomhlánú. Aimseoimid bealaí nuálacha chun pobal iomlán an Choláiste a thabhairt isteach i ngníomhaíochtaí for-rochtana, agus aimseoimid bealaí chun iarrachtaí den chineál seo a thomhais agus luach saothair a thabhairt dóibh.**

San fhís atá againn do 2014, feictear gníomhaíochtaí faoin gceannteideal “Rannpháirtíocht sa tSochaí” mar chuid lárnach de bhaint amach mhisean Choláiste na Tríonóide. Beidh siad comhordaithe, éifeachtúil, agus beidh tionchar seasmhach acu. Beidh ról tábhachtach acu maidir le Baile Átha Cliath a fhorbairt mar chathair spreagúil chun cónaí agus maireachtáil inti—cathair cultúrtha agus smaointeoireachta, príomhchathair bheomhar shochaí oscailte.

Is trí mheascán de thabhartais agus de mhaoiniú ó bhuiséad oibre an Choláiste a gheofar maoiniú na ngníomhaíochtaí faoi Rannpháirtíocht sa tSochaí, agus tá baint amach na ngníomhaíochtaí sa straitéis nua ag brath ar fhlaithiúlacht dheontóirí aonair, agus ar na baill foirne agus na mic léinn a thugann a gcuid ama agus a gcuid saineolais. Tá roinnt de na gníomhaíochtaí nach mór srutha airgid nua a fháil dóibh, agus tá siad seo curtha in iúl.

## For-rochtain san oideachas agus sa taighde

Ag an leibhéal is bunúsaí, baintear amach rannpháirtíocht Choláiste na Tríonóide sa tsochaí trí oideachas agus thaighde, agus trí na nuálaíochtaí a eascraíonn ó na gníomhaíochtaí acadúla sin.

Tuigimid go maith go gcuirfidh oideachas na nglún amach romhainn cruth úr ar an tsochaí agus ar an gcultúr. Cabhraíonn oideachas fochéime dhaoine óga go háirithe le córais luacha agus cleachtais na sochaí; bíonn tionchar lárnach aige freisin ar chumas na sochaí maidir le freagracht phoiblí, nuálaíocht shóisialta agus smaointeoireacht chriticiúil.

I measc na spriocanna ar leith a bhaineann lenár ngníomhaíochtaí for-rochtana oideachais, tá

- tiomantas láidir do mhéadú breise suntasach i rannpháirtíocht mac léinn ó chúlraí neamhthraidisiúnta, agus leathnófar obair cheannródaíoch Chlár Rochtana Choláiste na Tríonóide chuige seo, agus
- deiseanna nua a chur ar fáil do chodanna leathana den phobal maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach agus foghlaim ar feadh an tsaoil. (Féach ar na gníomhaíochtaí atá leagtha síos i gCaibidil 2.)

Tá rannpháirtíocht Choláiste na Tríonóide sa tsochaí á brú chun cinn freisin ag ár ról um méadú eolais, agus úsáid an eolais sin chun sochair gach duine. Ceann de na buntáistí a bhaineann le nuálaíocht ná úsáid a bhaint as eolas nua chun saibhreas a chruthú sa tsochaí (féach Caibidil 3). Gintear saibhreas trí nuálaíocht in eolaíocht agus i dteicneolaíocht agus sna healaíona agus sna daonnachtaí. Sna blianta beaga atá amach romhainn, cuirfimid le saol ealaíonta, cultúrtha agus eacnamaíochta na cathrach ar bhealaí nua samhlaíocha.

## An Clár Bridge to College

Is tionscnamh de chuid “Rannpháirtíocht sa tSochaí” atá sa chlár *Bridge to College* (B2C) atá á chur ar bun ag Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide, ag an Ionad Taighde TF san Oideachas agus ag Suas Educational Development, eagraíocht neamhrialtasach atá dírithe ar oideachas. Tá an clár seo deartha chun timpeallacht foghlama oiriúnach a chur ar fáil do dhaoine óga ó scoileanna gan dóthain acmhainní i gceantar Bhaile Átha Cliath, ina spreagtar iad chun a bheith ina bhfoghlaimeoirí muiníneacha, taiscéalaíocha, atá féintreoraithe.

Tá an clár bunaithe ar an gcleachtas is fearr atá ag teacht chun cinn ó thaighde ar fhoghlaim bunaithe ar theicneolaíocht, agus tá samhail shainiúil obair bhuíne, i gcomhar le húsáid chruthaitheach na teicneolaíochta, tugtha le chéile chun samhail oideachais nuálach don Fhoghlaim san 21ú hAois a chur ar fáil.

Tá os cionn 1,000 mac léinn ó 25 scoil, as lár na cathrach i mBaile Átha Cliath don chuid is mó, tar éis páirt a ghlacadh sa chlár B2C agus bhí os cionn 60 mac léinn tríú leibhéil páirteach mar mheantóirí deonacha.

## Rannpháirtíocht níos leithne sa chultúr agus sa saol poiblí

Cuimsíonn rannpháirtíocht Choláiste na Tríonóide sa tsochaí réimse gníomhaíochtaí ar ardphróifíl a théann níos faide ná na réimsí lárnacha oideachais agus taighde. Sna blianta atá amach romhainn, tá sé i gceist againn forbairt agus leathnú breise a dhéanamh ar ár rannpháirtíocht sa saol mór trí thionscnaimh nua, nuálaíocha a thabhairt isteach.

Trí fhorbairt a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí seo, beimid ag freagairt do riachtanais ár gcomharsanachta féin, riachtanais a bhíonn ag athrú de shíor, agus do na pobail timpeall orainn. I measc réimse tionscadal, tá sé i gceist againn an leibhéal rochtana ar an gColáiste do mhuintir Bhaile Átha Cliath agus do chuairteoirí a mhéadú, agus tá sé i gceist againn cur le hathbheochan lár na cathrach ar mhaithe le hoscailteacht agus cuimsitheacht a chur chun cinn.

#### GNÍOMHAÍOCHTAÍ

### 5.1 — Ceannaireacht a mhéadú i ndíospóireacht phoiblí

Beidh ról ceannaireachta ag ár bhfoireann agus ár gcuid mac léinn maidir le feabhsú díospóireachta poiblí agus tuisceana poiblí ar shaincheisteanna oideachais, eolaíochta, polaitiúla agus cultúrtha. Cabhrófar leis seo trí rochtain oscailte a bheith mar ghné lárnach dár mbeartas um fhoilsiú agus scaipeadh eolais, agus trí fhoireann agus mic léinn a oiliúint agus a éascú ar mhaithe le cumarsáid éifeachtúil a dhéanamh leis na meáin.

### 5.2 — Tionscnaimh bhreise a chur chun cinn i rannpháirtíocht saoránachta agus in obair dheonach

Tá sé i gceist againn obair dheonach sa phobal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur chun cinn, a spreagadh agus a dhreasú i measc fhoireann agus mhic léinn Choláiste na Tríonóide. Bainfimid é seo amach trí chomhordú ar ghníomhaíochtaí deonacha ar fud an Choláiste a láidriú, trí mheicníochtaí feiliúnacha a fhorbairt chun rannpháirtíocht mac léinn a aithint, agus trí chóras teastais a chur i bhfeidhm do rannpháirtíocht saoránachta na mac léinn i measc phobal an Choláiste agus taobh amuigh de thimpeallacht an Choláiste. Taobh istigh den chreatlach leathan rannpháirtíochta saoránachta, is iad na príomhthosaíochtaí a bheidh againn ná caidrimh le comharsana Choláiste na Tríonóide i lár na cathrach a fhorbairt agus a dhéanamh níos láidre, agus chun cur le forbairt oideachasúil sa cheantar.

### 5.3 — Rannpháirtíocht ár n-alumni a fhorbairt

Is iad ár n-alumni ár n-ambasadóirí sa tsochaí. Forbróimid agus leathnóimid ár rannpháirtíocht lenár gcuid alumni chun caidrimh chomhthairbheacha a fhorbairt, lena gcuimsítear níos mó bealaí a chruthú chun iad a tharraingt isteach i ngníomhaíochtaí an Choláiste, réimse imeachtaí d'ardchaighdeáin d'alumni a mhéadú, na himeachtaí seo a chur in oiriúint do ghrúpaí éagsúla alumni, agus comhairle agus tacaíocht alumni a lorg chun tairbhe ghlúine mac léinn an Choláiste amach anseo.

### 5.4 — Gníomhaíochtaí idirnáisiúnta an Choláiste a fhorbairt agus a chomhtháthú maidir le sláinte, forbairt, cearta daonna agus éagsúlacht chultúrtha

Mar chuid de dhúshlán mór an taighde maidir le hionchur a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint léi a chur le cruthú sochaí inbhuanaithe, cuirfimid gníomhaíochtaí reatha chun cinn agus láidreoimid iad, tionscnaimh cosúil le Tionscnamh na hÁise Theas, Tionscnamh Forbartha Idirnáisiúnta Choláiste na Tríonóide, an tionscnamh um Cheartas Aeráide agus an Dochtúireacht Idirnáisiúnta sa Sláinte Domhanda. Baineann gach ceann acu seo úsáid as saineolas Choláiste na Tríonóide maidir le fadhbanna práinneacha domhanda a leigheas. Leanfaimid ag éascú deiseanna d'imircigh chun staidéar a dhéanamh i gColáiste na Tríonóide, agus leanfaimid ag méadú réimse acadúil Choláiste na Tríonóide trí mhic léinn ó thíortha i mbéal forbartha a cheangal leis an gColáiste. Tá maoiniú do na tionscnaimh seo ag brath i gcuid ar rath leanúnach a bheith ar ghníomhaíochtaí tiomsaithe airgeadais daonchairdiúla.

### 5.5 — Feasacht a mhéadú ar an gcampas faoi mhaireachtáil ar shlite atá inbhuanaithe agus atá íseal ar charbóin

Mar chuid dár ndúshlán maidir le sochaí inbhuanaithe a chothú, forbróimid tionscnaimh chun feasacht a mhéadú sa Choláiste faoi lárnacht cheisteanna maireachtála ísealcharbóin agus inbhuanaithe d'ár dtodhchaí mar phobal , agus forbróimid beartas inbhuanaithe ar mhaithe le campas glas a chruthú.

## 5.6 — A bheith mar chothaitheoir do thionscnaimh nua chultúrtha agus eolaíochta sa chathair

Cuirfimid an méid agus is féidir linn le cáil Bhaile Átha Cliath mar chathair fhoghlama agus chultúrtha,trí ár n-infheictheacht i lár na cathrach a mhéadú. Lorgóidh áiseanna Coláiste fadbhunaithe cosúil leis an Long Room, Ionad Samuel Beckett agus Gailearaí Dhubhghlás de hÍde, chomh maith le tionscnaimh a tharla le déanaí cosúil lenár nGailearaí Eolaíochta ceannródaíoch nó leis an tSaotharlann Taighde Teicneolaíochta Ealaíona i gcampas Fiontraíochta Choláiste na Tríonóide, lorgóidh siad deiseanna nua chun imeachtaí poiblí a chur ar bun agus comhoibriú a dhéanamh le comhpháirtithe trasna na tíre. Spreagfaimid agus tacóimid le himeachtaí poiblí inár Scoileanna, inár nInstitiúidí, agus inár nIonaid, a théann i ngleic le pobal níos leithne trí thorthaí a gcuid múinteoireachta agus scoláireachtaí a roinnt leis, agus osclóimid imeachtaí de chuid an Choláiste, cosúil le Seachtain na Tríonóide, chucu.

Méadóimid an leibhéal feasachta poiblí agus inrochtaineachta i ndáil le bailiúcháin acadúla agus ealaíne uathúla an Choláiste. Sa bhliain 2010, tabharfaidh sraith imeachtaí lucht an champais, alumni agus an pobal níos leithne le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh 50 bliain de Bhailiúchán Nua-Ealaíne Choláiste na Tríonóide, a leanann le traidisiún na hOllscoile mar phatrún, thionscnóir agus chothaitheoir na healaíne cruthaithí le 400 bliain anuas.

Beidh ceiliúradh trí chéad bliana Scoil an Leighis á cheiliúradh againn i 2011 le himeachtaí do na alumni agus don phobal. Forbróimid agus láidreoimid an Gailearaí Eolaíochta chun cur ar chumas Choláiste na Tríonóide ról lárnach a bheith aige nuair a bheidh Baile Átha Cliath mar Chathair Eolaíochta na hEorpa i 2012.

## 5.7 — Próifíl Choláiste na Tríonóide a ardú mar ionad do ghníomhaíochtaí acadúla agus cultúrtha Gaeilge

Méadóimid an líon imeachtaí poiblí Gaeilge, cosúil le drámaí, léachtaí agus díospóireachtaí, a bheidh ar siúl ar an gcampas. Chun cabhrú linn an cuspóir seo a bhaint amach, agus chun próifíl Choláiste na Tríonóide a ardú mar ionad do ghníomhaíochtaí acadúla agus cultúrtha sa Ghaeilge, forbróimid comhpháirtíochtaí cruthaitheacha le heagraíochtaí Gaeilge.

## 5.8 — Rochtain ar áiseanna spóirt agus caithimh aimsire ar an gcampas a mhéadú

Méadóimid rochtain ar áiseanna spóirt agus caithimh aimsire ar an gcampas trí na háiseanna seo a chur ar fáil do chlubanna spóirt áitiúla. Spreagfaimid clubanna agus cumainn éagsúla an Choláiste chun páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí oiliúna spóirt sa chomharsanacht agus chun tacú le himeachtaí spóirt sa chomharsanacht.












Ar feadh saolré na straitéise seo, oibreoidh na seirbhísí tacaíochta laistigh de chreatlach straitéiseach soiléir atá ag teacht le straitéis níos leithne an Choláiste. Beidh na seirbhísí tacaíochta réamhghníomhach i gcumasú do phobal an Choláiste a gcumas iomlán a bhaint amach.



06

# An Straitéis a Chumasú

**Leag na codanna roimhe seo den phlean straitéiseach amach go sonrach conas atá beartaithe againn ár bhfís de Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath a bheith ina hollscoil de thábhacht dhomhanda a bhaint amach. Ní bhainfear an fhís seo amach mura bhfuil na tacaithe riachtanacha ann.**

Ar feadh saolré na straitéise seo, oibreoidh na seirbhísí tacaíochta laistigh de chreatlach straitéiseach soiléir atá ag teacht le straitéis níos leithne an Choláiste. Beidh na seirbhísí tacaíochta réamhghníomhach i gcumasú do phobal an Choláiste a gcumas iomlán a bhaint amach.

Leagann an chuid seo den phlean straitéiseach amach na spriocanna agus na cuspóirí cumasaithe le haghaidh na príomhthéamaí tacaíochta. Rangaítear na saincheisteanna cumasaithe faoi sé théama:

— *Daoine*
— *Áit*
— *Faisnéis*
— *Airgeadas*
— *Rialachas*
— *Teileachumarsáid.*

Tá comhchuspóirí ag na téamaí seo a bhaineann le freagrúlacht, ailíniú le tosaíochtaí an Choláiste, éifeachtach, agus éifeachtúlacht. Forbraítear na comóntachtaí seo a thuilleadh go sainiúil trínár 'straitéis chumasúcháin' a chur i bhfeidhm, atá faofa ag an mBord chun cumas agus éifeachtacht an riaracháin a fheabhsú. De réir Ghníomhartha 6.1 agus 6.28 a ndéantar cur síos orthu thíos, caithfear an straitéis chumasúcháin a chur i bhfeidhm go héifeachtach mar ghníomhaíocht chomhordaithe ar fud réimsí riaracháin agus tacaíochta an Choláiste. Cuirfidh sé seo taca faoi roinnt príomhthéamaí den phlean straitéiseach – Oideachas, Eispéireas na Mac Léinn, Rannpháirtíocht sa tSochaí, Airgeadas, agus Acmhainní Daonna. Déanfar an straitéis chumasúcháin a chomhtháthú le Córais Faisnéise Bainistíochta chomh maith chun forbairt riachtanach na hailtireachta teicniúla atá riachtanach chun tacú leis na córais seo a chinntiú.

Tiocfaidh an maoiniú don straitéis chumasúcháin ó roinnt foinsí éagsúla, agus tá an maoiniú tosaigh ar bun cheana féin. Braithfidh cur i gcrích an tionscadail straitéise cumasúcháin ar mhaoiniú breise a fháil, agus ar leas a bhaint as éifeachtachtaí chun an costas a bhaineann le gníomhaíochtaí oibríochta a laghdú d'fhonn an infheistíocht a aisíoc go fadtéarmach.

Nuair atá maoiniú sa bhreis ar an straitéis chumasúcháin ag teastáil chun gníomhartha "An Straitéis a Chumasú" a chur i gcrích, aithnítear iad seo sna gníomhartha thíos.

## Daoine

Braitheann rath ollscoile, níos mó ná aon chineál eagraíochta nó institiúide eile, ar cháilíocht a cuid foirne. Toisc go bhfuil stádas idirnáisiúnta aige, tá Coláiste na Tríonóide ina fhostóir d'ardchlú, agus tá sé seo le feiceáil i gcáilíocht ár bhfoireann. Is í ár bhfís ná pobal Coláiste beoga agus éagsúil a chruthú agus a choinneáil a mheallann baill foirne den scoth a fhaigheann tacaíocht agus luach saothair chothrom i dtimpeallacht oibre rathúil ina gcuirtear fáilte roimh gach duine.

Chun an fhís seo a bhaint amach, caithfidh sé a bheith de chumas againn pleanáil do riachtanais an lae inniu agus na todhchaí. Beimid réamhghníomhach maidir le gach deis a thabhairt do dhaoine a gcumas iomlán a bhaint amach. Déanfaidh an Oifig Foirne a cuid seirbhísí a fhorbairt agus a oiriúnú agus tabharfaidh sí tacaíocht don Choláiste trí chomhairle agus fhaisnéis ar ardchaighdeán a chur ar fáil.

**GNÍOMHARTHA**

### 6.1 — Cumas samhlaithe agus pleanála don lucht oibre a fhorbairt

Cuirfidh na modhanna réamhaisnéise ilbhliantúla atá beartaithe againn a chur i bhfeidhm ar ár gcumas anailís tráthúil, chuimsitheach agus chruinn a dhéanamh ar ár bpróifíl soláthair fhoirne, le cabhrú linn pleanáil go réamhghníomhach chun plé le heaspa acmhainne agus/nó scileanna amach anseo.

### 6.2 — Deimhin a dhéanamh de go nglacann baill foirne páirt i gcláir fhorbartha a fhaigheann tacaíocht ón gColáiste, agus go ndéanann siad a gcumas a uasmhéadú chun sármhaitheas a bhaint amach

Tabharfaimid an deis do bhaill foirne páirt a ghlacadh i gcláir forbartha pearsanta, gairmiúla agus teicniúla. Déanfaidh an Oifig Foirne na cláir fhorbartha seo a chomhordú agus beidh siad saindeartha chun tacú le baill foirne sármhaitheas a bhaint amach.

### 6.3 — Seirbhísí acmhainní daonna a sholáthar chun inoiriúnaitheacht d'ionchais agus riachtanais athraitheacha an Choláiste a éascú

Cinnteoidh an Oifig Foirne go leanfar ag cur seirbhíse d'ardchaighdeán ar fáil do phobal an Choláiste trí infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt ghairmiúil agus phearsanta fhoireann na Roinne Acmhainní Daonna, agus trí fheabhsuithe teicneolaíochta agus phróisis éagsúla na straitéise cumasúcháin a chur i bhfeidhm.

### 6.4 — Acmhainní tacaíochta a sholáthar

Cabhróidh an Oifig Foirne le pobal an Choláiste trí fhaisnéis chuí, acmhainní comhairle agus beartas agus phróisis tacaíochta a chur ar fáil dó.

## Áit

Tá Coláiste na Tríonóide bródúil as a shuíomh uathúil agus stairiúil i lár chathair Bhaile Átha Cliath. Táimid bródúil freisin as oidhreacht shaibhir an champais, a chuireann go mór le saintréithe ár bpobal.

Cé go bhfuil sé ina mhórthosaíocht againn ár stair a chosaint, tá sé de dhualgas orainn todhchaí an Choláiste a dhaingniú chomh maith. Déanfaimid é seo trí spás teagaisc agus taighde ardchaighdeáin a sholáthar in éineacht le spás agus seirbhísí nuálaíochta. Ag an am céanna, tacóimid le caighdeán eispéiris na mac léinn a fheabhsú, ó thaobh spás cónaithe agus spás do sheirbhísí araon.

D'fhonn ár bhfís a bhaint amach, cruthóimid Plean Rialaithe Forbartha nua a thógfaidh srianta fisiceacha an tsuímh, deiseanna agus srianta maoinithe agus dúshláin eile san áireamh. Cuirfear an Plean Rialaithe Forbartha i bhfeidhm i gcomhthráth le cur i bhfeidhm an phlean straitéisigh seo, agus beidh sé ag teacht le tosaíochtaí straitéiseacha an Choláiste.

**GNÍOMHARTHA**

### 6.5 — Plean Rialaithe Forbartha (PRF) a fhoilsiú agus an plean seo a choimeád faoi athbhreithniú

Cuirfidh an Stiúrthóir na bhFoirgneamh Plean Rialaithe Forbartha (PRF) le chéile. Aithneoidh an PRF sainchúram Dhéin na nDámh thar spás acadúil, sainchúram an Phríomh-Oifigigh Oibriúcháin thar spás riaracháin agus tacaíochta, agus ról comhordaithe an Ghrúpa Pleanála sa phróiseas pleanála straitéisí. Trí an PRF ba chóir go nglacfadh an Coláiste cur chuige comhtháite i leith pleanáil acadúil, eastáit agus airgeadais chun a chuid acmhainní go léir a úsáid i mbealach atá chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir. Déanfaidh an PRF an méid seo a leanas

- aithneoidh sé suíomhanna le haghaidh forbairtí amach anseo,
- ligfidh sé don Choláiste freagra dearfach a thabhairt ar thionscnaimh inmheánacha agus sheachtracha,
- tacóidh sé le hathsholáthar agus athnuachan an bhonneagair atá ann cheana féin agus mar sin cinnteoidh sé go mbeidh ardchaighdeáin feidhmiúlachta, sábháilteachta agus inrochtaineachta le feiceáil, agus
- pléifidh sé le saincheisteanna úsáide agus oiriúnachta feidhme, i spásanna atá tiomnaithe agus faoi amchlár.

Cuirfear an PRF faoi bhráid an Bhoird le haghaidh formheasa laistigh de cheithre mhí ón am a ghlacfar leis an bplean straitéiseach, agus leagfaidh sé amach an straitéis maidir le campais an Choláiste a shíneadh sa todhchaí. Is é fócas sáraitheach an PRF ná spásanna d'ardchaighdeán, atá oiriúnach don chuspóir a sholáthar le haghaidh úsáidí teagaisc, taighde, gnó/riaracháin, cruinnithe agus sóisialta. Molfaidh an plean beartú tosaíochta agus maoiniú i measc tionscadal caipitil chun na saoráidí reatha a uasghrádú agus a athsholáthar.

### 6.6 — Gníomhaíochtaí scoile a chomhdhlúthú i suíomhanna aonair

Leagfaidh an PRF fís chomhtháite amach d'fhorbairt an champais, lena n-áirítear forbairt na nEolaíochtaí Bitheacha mar mhol do na heolaíochtaí i dtaobh Thoir an Choláiste, athfhorbairt ar feadh pasáiste Shráid an Phiarsaigh chun scála imleor a sholáthar ar mhaithe leis na heolaíochtaí sóisialta a chnuasach, agus forbairt Mhol an tSeomra Fhada agus atheagrú Fhoirgneamh na nEalaíon mar cheathrú do na hEalaíona agus Daonnachtaí.

Beidh sé ina sainaidhm ag an PRF gníomhaíochtaí acadúla agus riaracháin a chomhdhlúthú i spásanna tadhlacha, más féidir, d'fhonn tairbhí a bhaint amach don fhoireann agus do na mic léinn araon. Caithfear roinnt Scoileanna a athlonnú go suíomhanna agus foirgnimh nua chun é seo a dhéanamh, chomh maith le hatheagrú a dhéanamh ar an spásanna atá ann cheana féin. San áireamh leis seo beidh athlonnú na nEolaíochtaí Sóisialta

chuig Forbairt Shráid an Phiarsaigh, comhdhlúthú na hInnealtóireachta sa chúinne thoir theas, agus atheagrú na nEolaíochtaí Nádúrtha ag an taobh Thoir chuig spásanna a fágadh folamh agus a athfhorbraíodh i ndiaidh áitíocht Institiúid na nEolaíochtaí Bitheacha.

Beidh cistí suntasacha ag teastáil chun an gníomh seo a mhaoiniú, sa bhreis ar na cinn a ghineann acmhainní an Choláiste féin. Braitheann maoiniú áirithe ar an rath a bheidh ar iarratais ar mhaoiniú atá á measúnú faoi láthair ag gníomhaireachtaí seachtracha, ar thabhartais dhaonchairdiúla a dhaingniú agus ar thiomsú airgid. Tá seans maith nach mbeifí in ann comhdhlúthú na Scoileanna a chur i gcrích faoi 2014 de bharr na timpeallachta eacnamaíochta reatha.

### 6.7 — Spás cónaithe, sóisialta, áineasa agus tacaíochta d'ardchaighdeán a sholáthar

Chun spás cónaithe, sóisialta, áineasa agus tacaíochta d'ardchaighdeán a sholáthar tógfar ionad mac léinn (féach Gníomh 4.1) agus déanfar cóiríocht chónaithe nua do mhic léinn a choimisiúnú chomh maith. Déanfar suíomhanna agus saoráidí spóirt lasmuigh den Choláiste a fhorbairt agus a uasghrádú chomh maith.

Tá sé d'aidhm ag an gColáiste ionad na mac léinn a bheith curtha i gcrích sa bhliain acadúil 2010/2011, faoi réir chead pleanála agus maoinithe. Táthar ag súil go mbeidh an chóiríocht chónaithe bhreise do mhic léinn ar fáil in 2012; tá forbairt na saoráide deireanaí seo ag teacht lenár gcuspóir de chinntiú go bhfaigheann mic léinn na chéad bhliana an rogha cónaí ar an gcampas, más mian leo. Chun an gníomh seo a chur i gcrích caithfear forbairt agus athchóiriú a dhéanamh ar na saoráidí atá ann cheana féin le hioncam a gheofar ón mbonn ioncaim reatha. Beidh maoiniú ag teastáil chun cóiríocht nua a chruthú do mhic léinn, a aisíocfar ó ioncam cíosa go fadtéarmach.

### 6.8 — Tuilleadh spáis teagaisc do ghrúpaí beaga a sholáthar

Tá teacht ar spás teagaisc do ghrúpaí beaga riachtanach chun ár straitéis oideachais a bhaint amach. Mar sin cuirfimid níos mó spáis dá leithéid ar fáil, a chuimseofar leis na riachtanais spáis acadúil agus leabharlainne eile atá ann. Bainfear é seo amach trí athdháileadh agus athlonnú na saoráidí atá ann cheana féin, agus trí spás breise a chruthú chomh maith.

### 6.9 — Comhpháirt na straitéise spásúla den PRF a fhorbairt

Chomh maith leis na gnéithe a aithníodh thuas, pléifidh an PRF leis an tsaincheist de riachtanais chóiríochta a chomhlíonadh, a thagann chun cinn mar thoradh ar fhorfheidhmiú na dtionscnamh éagsúil a léirítear sa phlean straitéiseach. Faoi réir maoinithe agus chead pleanála, leagfaidh an PRF straitéis spásúil amach a aithneoidh an chaoi a ndéanfar forbairtí de 100,000 m² san iomlán a chosnóidh €400m agus atá le cur ar fáil laistigh d'fhráma ama an PRF 2009–2014.

Tá sé d'acmhainn ag Forbairt Shráid an Phiarsaigh 10,000 m² d'fhoirgnimh nua shaintógtha a sholáthar le haghaidh gníomhaíochtaí acadúla taobh leis an méid céanna spáis athchóirithe in ardán Shráid an Phiarsaigh gur féidir a úsáid le haghaidh cóiríocht chónaithe os cionn ionaid mhiondíola agus gníomhaíochtaí eile ag leibhéal na sráide.

Cuirfidh forbairt na nEolaíochtaí Bitheacha 4,000 m² de spás ar fáil sna Foirgnimh Cheimice, Biteicneolaíochta agus Fiseolaíochta le aghaidh athlonnaithe. Cuirfear spás suímh le haghaidh foirgnimh nua d'achar suas le 10,000 m² ar fáil leis an spás a ghlanfar i ndiaidh foirgnimh a leagan. Éascóidh an spás breise atheagraithe seo comhdhlúthú agus síneadh scoileanna mar Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha agus na hInnealtóireachta.

### 6.10 — Campas glas a chruthú ag Coláiste na Tríonóide

Mar a léirítear i nGníomh 5.5 den rannóg um Rannpháirtíocht sa tSochaí, forbróimid beartas inbhuanaitheachta do champas glas. Cuimseoidh tionscadail tógála amach anseo inbhuanaitheacht mar phríomhchritéar deartha agus tógála, agus beidh siad ag iarraidh na rátaí inbhuanaitheachta is mó is féidir a bhaint amach le haghaidh gach tionscadal. Déanfaidh an Coláiste a dhícheall a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le tionscnaimh sholáthair inbhuanaithe, íseal-fhuinnimh ina chuid tionscadal tógála go léir as seo amach.

Cuirfimid spriocanna uaillmhianacha ar bun maidir le níos lú fuinnimh a úsáid, níos lú uisce a úsáid agus níos lú dramhaíola a tháirgeadh i ngach ceann de réimsí gníomhaíochta an Choláiste, agus cruthóimid beartais agus nósanna imeachta, lena n-áirítear oideachas a chur ar úsáideoirí, chun dul chun cinn a chothú. I measc na dtionscnamh eile atá beartaithe le cabhrú chun na spriocanna seo a bhaint amach tá fairsingiú an chórais spriocaimsithe agus monatóireachta fuinnimh chun foirgnimh uile an Choláiste a chuimsiú. Faoi láthair níl an córas seo, atá saindeartha chun ídiú fuinnimh a bhainistiú agus a laghdú, i bhfeidhm ach i seacht gceann déag d'fhoirgnimh an Choláiste.

## Faisnéis agus an Leabharlann

Mar eagraíocht foghlama, tacóimid go hiomlán le faisnéis a roinnt chun leasa an phobail go léir. I gcomhréir leis an bhfealsúnacht seo, tá sé ar intinn againn straitéis faisnéise a fhorbairt a rachaidh i ngleic leis an raon deiseanna agus dúshlán atá os comhair an ardoideachais faoi láthair. Beidh cuspóirí cinnte na straitéise faoi threoir ag luachanna phobal an Choláiste agus léireoidh siad cuspóir agus treo soiléir.

#### GNÍOMHARTHA

### 6.11 — Straitéis faisnéise a fhorbairt agus a fhoilsiú, agus an straitéis seo a choimeád faoi athbhreithniú

Leagfaidh an straitéis faisnéise seo fís fhadtéarmach amach maidir le faisnéis a bhainistiú agus a roinnt sa Choláiste. Soláthróidh sí creatlach chun tacú le plean straitéiseach an Choláiste agus aithneoidh sí tosaíochtaí i leith acmhainní a dháileadh. Beidh an ailtireacht fiontair, a chuirfidh ar ár gcumas na spriocanna a aithnítear thíos a bhaint amach, ina príomhchuid den straitéis faisnéise. Soláthróidh an ailtireacht fiontair an creatlach chun cuspóirí an Choláiste a chur in iúl, a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm agus cuirfidh sé ar ár gcumas timpeallacht TF atá ailínithe go láidir a fhorbairt.

### 6.12 — Timpeallacht foghlama fhíorúil (TFF) agus timpeallacht taighde fhíorúil (TTF) a chur ar bun

Beidh Coláiste na Tríonóide ina threoraí náisiúnta ó thaobh cur chuige nua foghlama agus oideachais de, forbairt a éascóidh athdháileadh na n-eispéireas foghlama thar am agus spás, lasmuigh den seomra ranga, agus ar feadh saoil iomláin. Cabhrófar freisin chun foghlaim chomhoibríoch agus cruthú eolais a éascú trí TFF agus TTF a bhunú sa Choláiste. Beidh forbairt TTF mar chuid de chóras faisnéise comhtháite le cabhrú chun tacú lenár gcuid taighde agus léann, an tionchar a bhíonn acu a uasmhéadú agus a ndul chun cinn a bhainistiú.

## An Leabharlann

Tá ról lárnach ag an Leabharlann i ngníomhaíochtaí acadúla, mar shaoráid fhócas do staidéar agus mar slí chun faisnéis a fháil agus a scaipeadh araon. I measc na mbailiúchán éagsúil atá le fáil inti tá paipírí na hÉigipte, taifid Chúistiúnacht na Róimhe agus bailiúchán den scoth de lámhscríbhinní meánaoiseacha, mar aon le príomhábhair ó Nua-Stair na hÉireann, léarscáileanna, ceol agus cartlanna scríbhneoirí mar Beckett, Synge agus Ó Cadhain. Tugann a bailiúcháin shaibhre de 4.5 mhilliún teideal rochtain do scoláirí ar fhoilseacháin ón uair a ceapadh an clóphreas go dtí an lá atá inniu ann.

Tá sé ag éirí níos coitianta acmhainní faisnéise a sheoladh chuig léitheoirí trí shíntiúis d'irisí leictreonacha, do bhunachair shonraí agus do ríomhleabhair. Cuireann an Leabharlann modhanna nua taighde agus teagaisc ar fáil trína cuid acmhainní a dhigitiú agus trí aschur scoláirí an Choláiste a chur ar fáil gan srianadh sa stór, a bhfuil rochtain oscailte uirthi.

Don saol mór agus do leathmhilliún cuairteoirí gach bliain, léiríonn an Seomra Fada eagrú an mhachnaimh scolártha agus baineann stádas iocónach le Leabhar Cheanannais mar léiriú ar éachtaí spioradálta agus cultúrtha na hÉireann.

### 6.13 — An saol ar an gcampas a athrú le gréasáin soghluaiste

De réir mar a éiríonn sé ina nós ag na mic léinn agus na baill foirne acmhainní faisnéise a gcuid gléasanna cumarsáide soghluaiste a chuimsiú ina ngnáthaimh laethúla, beidh gá níos mó le rochtain ar sheirbhísí an Choláiste trí na gléasanna seo chomh maith. Cuirfidh rochtain ar sheirbhísí soghluaiste feabhas ar tháirgiúlacht.

### 6.14 — Ardán teicneolaíochta cumarsáide comhtháite a fhorbairt

Tá sé beartaithe againn ardán teicneolaíochta cumarsáide comhtháite a fhorbairt a sholáthróidh éifeachtacht níos fearr fad is a chomhlíonfaidh sé riachtanais athraitheacha na foirne acadúil, taighde, riaracháin agus tacaíochta sa Choláiste (féach Gníomh 6.27 thíos).

### 6.15 — Cibearbhonneagar a fhorbairt chun tacú le taighde

Tá sé beartaithe againn chomh maith cibearbhonneagar de líonraí ardluais agus feidhmchláir agus ardacmhainní ríomhaireachta a fhorbairt, a nascfaidh taighdeoirí agus oideoirí ar fud an domhain i dtimpeallacht dhigiteach chun fionnachtain agus oideachas a chur chun cinn a thuilleadh.

### 6.16 — Cartlanna na Leabharlainne agus an Choláiste a fhorbairt

Forbróimid straitéis do chartlanna na Leabharlainne agus an Choláiste d'fhonn saothrú éifeachtach a gcuid acmhainní agus ábhar foghlama a chinntiú do mhodhanna teagaisc agus taighde atá ag athrú, agus chun scaipeadh faisnéise a éagsúlú.

Laistigh de chomhthéacs na samhla leabharlainne hibridí, forálfaidh an straitéis do struchtúir agus phróisis nua agus do thosaíochtaí acmhainne leasaithe le béim níos mó ar chruthú, chaomhnú agus sheachadadh acmhainní leictreonacha agus rochtain feabhsaithe, fad is a leanfaidh sí uirthi ag cur leis na bailiúcháin taighde den scoth atá sa Leabharlann i bhformáidí traidisiúnta.

Daingníonn an straitéis ról na Leabharlainne i gcruthú leabharlann digiteach an Choláiste mar acmhainn lárnach chun tacú le scoláirí amach anseo. Léireoidh an straitéis an ról lárnach atá ag bonneagar agus acmhainní taighde na Leabharlainne i rath Mhol an tSeomra Fhada. Aithneoidh an straitéis stádas idirnáisiúnta na Leabharlainne i gcoimeád a ngabháltas uathúil, an ról atá aici i gcaomhnú chartlanna an Choláiste sna formáidí uile agus an fhreagracht náisiúnta atá uirthi mar Leabharlann taisce dlíthiúil.

Tiocfaidh cuid den mhaoiniú don ghníomh seo ó ioncaim a bhíonn á nginiúint ag an Leabharlann.

## Airgeadas

Tá ár straitéis airgeadais deartha chun inmharthanacht airgeadais an Choláiste a chinntiú agus chun tacú lena fhorbairt, a fhás agus a neamhspleáchas go fadtéarmach. Bainfear é seo amach trí thiomantas dár ngníomhaíochta amach anseo a bhainistiú laistigh de réamh-mheastacháin an bhuiséid airgeadais ar bhonn meántéarmach go fadtéarmach, agus freisin trí bhainistíocht airgeadais den scoth ar fud an Choláiste.

Rachaimid in oiriúint don laghdú sa mhaoiniú de bharr an chúlú eacnamaíochta faoi láthair, a bhfuil an cuma air go leanfaidh sé mar sin ar feadh tamaill. Tá dúshláin shuntasacha i gceist leis an gcuspóir seo a bhaint amach, lena n-áirítear an gá le foinsí maoinithe athfhillteach breise a dhaingniú, agus gan brath chomh mór sin ar mhaoiniú ón Státchiste.

Caithfimid é seo go léir a bhaint amach agus clár infheistíochta reatha agus coinnithe á choimeád againn, chun fás agus forbairt a chinntiú sa todhchaí agus chun na caighdeáin reatha a choimeád araon.

Agus an cúlra seo á thabhairt san áireamh, aithneoidh agus forbróidh Oifig an Chisteora raon roghanna maoinithe arna ndearadh le cur ar ár gcumas ár gcuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh. San áireamh ar na roghanna sin beidh ioncam ó tháillí intíre agus idirnáisiúnta, ioncam taighde, príomhmhaoiniú ón Státchiste agus maoiniú iomaíoch, foinsí daonchairdiúla agus foinsí bronntóra, fáltais ó fhosheirbhísí, agus fáltais ó shócmhainní. Chomh maith leis sin, cothóimid gníomhaíocht tráchtálaíochta agus nuálaíochta ar bhealach a chinnteoidh toradh eacnamaíochta cothrom don Choláiste, agus a chabhróidh le spriocanna eacnamaíochta náisiúnta a bhaint amach.

Tá Coláiste na Tríonóide ag feidhmiú i ré ina bhfuil freagracht níos mó, brúnna maoinithe níos mó agus iomaíochas níos mó i gceist, agus dá bhrí sin caithfear sonraí airgeadais cuimsitheacha stairiúla, reatha agus réamhaisnéise a sholáthar. Trí an fhaisnéis sin a úsáid chun pleanáil agus monatóireacht a dhéanamh i leith acmhainní, éascófar cinnteoireacht níos fearr, agus mar sin tabharfar tacaíocht agus cosaint dár n-inmharthanacht agus neamhspleáchas fadtéarmach. Beidh sé ina thosaíocht mhór againn feabhas a chur ar sheachadadh na faisnéise airgeadais.

Mar chríoch, beidh éifeachtacht agus luach ar airgead a sholáthar i ngach gné dár n-oibríochtaí laethúla, ina bpríomhthosaíochtaí againn i gcónaí.

### GNÍOMHARTHA

#### 6.17 — Foinsí maoinithe athfhillteacha breise a dhaingniú

Aithneoidh agus forbróidh Oifig an Chisteora raon foinsí maoinithe athfhillteacha slána, agus déanfaidh sí costas eacnamaíochta iomlán na ngníomhaíochtaí a aisghabháil más féidir. Dearfar an straitéis seo um éagsúlú i maoiniú chun plé le ceist an easnaimh i maoiniú ón Státchiste agus ioncam eile a tharla de bharr an chúlú eacnamaíochta.

#### 6.18 — Córais faisnéise airgeadais a fheabhsú

Tabharfaidh Oifig an Chisteora tosaíocht do chórais faisnéise airgeadais a fheabhsú d'fhonn tacú leis an gColáiste a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

#### 6.19 — Luach ar airgead breise a sholáthar

Déanfaimid roinnt tionscnamh bainistíochta costais, soláthair agus éifeachtachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a bheidh dírithe ar luach ar airgead a sholáthar i ngach gné dár n-oibríochtaí laethúla.

#### 6.20 — Roghanna airgeadais a aithint agus a bhaint amach

I bhfianaise na ndúshlán a gcruthaíonn easpa fála ar mhaoiniú caipitil, aithneoimid agus bainfimid amach na roghanna airgeadais sin atá saindeartha le cur ar ár gcumas an bonneagar atá ann cheana féin agus bonneagar nua a fhorbairt araon.

#### 6.21 — Cur i bhfeidhm céimneach samhail pleanála acmhainne nua

Cuirfimid samhail pleanála acmhainne nua i bhfeidhm ar bhonn céimneach a chabhróidh linn na cuspóirí sa phlean straitéiseach a bhaint amach.

## Rialachas

Cuimsíonn rialú stiúradh gnó na hOllscoile, a bhfuil ceannaireacht acadúil ríthábhachtach dó, prionsabail ar nós freagracht, follasacht, ionracas agus sláine. I gcomhthéacs luachanna coláisteachta agus cuimsitheachta na hOllscoile, cinnteoimid go gcuirfear na caighdeáin rialachais is airde i bhfeidhm i ngach gné d'oibríochtaí an Choláiste, agus ag an am céanna cothóimid na luachanna de chruthaitheacht agus neamhspleáchas intleachtúil atá ag croílár na hollscoile.

**GNÍOMHARTHA**

### 6.22 — Cloí go hiomlán leis an gCód Rialachais d'Ollscoileanna in Éirinn

Leanfaidh an Coláiste air ag cloí go hiomlán leis an gCód Cleachtais d'Ollscoileanna in Éirinn trí aird faoi leith a thabhairt ar tuilleadh forbartha agus forfheidhmithe a dhéanamh ar chreatlach rialaithe inmheánaigh ar fud an Choláiste. Dearfar é seo go sainiúil chun riachtanais an Chóid a chomhlíonadh agus cuimseoidh sé daingniú nósanna imeachta bainistíochta priacal i bhfeidhmiú gníomhaíochtaí uile an Choláiste.

### 6.23 — Struchtúir rialachais inmheánaigh a fheabhsú go leanúnach

Trí athbhreithniú a dhéanamh ar na struchtúir reatha agus trí mheicníochtaí monatóireachta a fhorbairt, cinnteoimid go gcumasóidh struchtúir rialachais an Choláiste freagracht agus follasacht iomlán sna próisis chinnteoireachta.

### 6.24 — Comhaontuithe le comhlachtaí seachtracha a éascú

Tá níos mó comhoibrithe le comhlachtaí seachtracha ina phríomhghné den phlean straitéiseach. Cinnteoimid go mbeidh aon chomhaontú dlíthiúil le comhlacht seachtrach ag teacht le cuspóirí straitéiseacha an Choláiste.

## Teileachumarsáid

Tá sé d'aidhm ag an bplean straitéiseach seo an clú atá ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath mar ollscoil de thábhacht dhomhanda a threisiú. Caithfear straitéis cumarsáide chomhtháite a chur i bhfeidhm ar fud ghníomhaíochtaí uile an Choláiste agus sna meáin go léir chun an fhís seo a bhaint amach. Le go mbeadh sé éifeachtach, caithfidh sé raon leathan meán a chuimsiú, lena n-áirítear láithreán gréasáin an Choláiste, podchraoltaí, ríomhirisí, foilseacháin, tuarascálacha agus léiriúcháin, meáin nuachta agus mar sin de.

Léireoidh an straitéis an raon lucht éisteachta/féachana, atá ag éirí níos éagsúla, a mbíonn ar an gColáiste cumarsáid a dhéanamh leo. Léireoidh sí freisin an chaoi is éifeachtaí agus is éifeachtúil chun cumarsáid a dhéanamh leis na daoine seo, agus conas córais chumarsáide oscailte a chruthú d'fhonn faisnéis a aistriú i mbealach tráthúil, cruinn agus cuí. Beidh sé riachtanach comhsheasmhacht a chinntiú maidir le hoibríochtaí agus feidhmeanna ginearálta an Choláiste, fad is a aithnítear ag an am céanna an tábhacht a bhaineann le saoirse acadúil.

**GNÍOMHARTHA**

### 6.25 — Straitéis chumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

Déanfaimid straitéis chumarsáide a fhorbairt agus a fheidhmiú agus gheobhaimid acmhainní di, a chuirfidh iomaí éachtaí Choláiste na Tríonóide sna príomhréimsí de theagasc, thaighde, nuálaíocht agus fhor-rochtain in iúl i mbealach cruthaitheach éifeachtúil. Cuirfidh an straitéis ar chumas Scoileanna agus Ionaid Taighde an Choláiste torthaí taighde a scaipeadh agus aird a tharraingt ar an mbaint atá ag a gcuid oibre leis an tsochaí, agus an tionchar a bhíonn aici uirthi.

### 6.26 — Cleachtadh brandála fócasaithe a dhéanamh

Tá sé ar intinn againn cleachtadh brandála fócasaithe a dhéanamh. Beidh sé seo dírithe ar luachanna agus féiniúlacht an Choláiste a chur in iúl go soiléir agus a chur chun cinn, ar bhealach comhtháite, achomair, leithleach agus so-aitheanta chuig pobail inmheánacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### 6.27 — Feabhas a chur ar chaidrimh leis na meáin, ag soláthar buntáistí straitéiseacha don Choláiste dá bharr

Tacóidh ár gclár um fheabhas a chur ar chaidrimh leis an meáin le mórán de na gníomhartha atá léirithe sa plean straitéiseach, lena n-áirítear Rannpháirtíocht éifeachtach sa tSochaí, a chumasú (féach Gníomh 5.1). Cabhróidh sé freisin chun próifíl an Choláiste a ardú go hidirnáisiúnta, rud a chabhróidh le seachadadh na físe le Coláiste na Tríonóide a neartú mar ollscoil de thábhacht dhomhanda.

### 6.28 — Plean cumarsáide ar líne a fhorbairt atá ag teacht le straitéis faisnéise agus straitéis chumarsáide an Choláiste

Tá forbairt an phlean cumarsáide ar líne ina réimse fíorthábhachtach agus tá dlúthbhaint aige leis na straitéisí cumarsáide agus faisnéise araon. Bainfimid an leas is mó is féidir as dul chun cinn i dteicneolaíochtaí cumasaithe ar nós feidhmchláir líonraithe sóisialta agus feidhmchláir Ghréasán 2.0 eile chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht scaipeadh na faisnéise digití a fheabhsú.













Má chuirtear na gníomhartha seo i gcrích brúfaidh sé Coláiste na Tríonóide ar aghaidh i roinnt réimsí ag an am céanna, agus mar thoradh carnach ar sin treiseofar staid Choláiste na Tríonóide ar thús cadhnaíochta i measc ollscoileanna an domhain.



07

# An Straitéis a Chur i bhFeidhm

**Cuirfear an plean straitéiseach i bhfeidhm trí na gníomhartha atá liostaithe sna caibidil thuas a chur i gcrích.**

**Má chuirtear na gníomhartha seo i gcrích brúfaidh sé Coláiste na Tríonóide ar aghaidh i roinnt réimsí ag an am céanna, agus mar thoradh carnach ar sin treiseofar staid Choláiste na Tríonóide ar thús cadhnaíochta i measc ollscoileanna an domhain.**

Tá Bord an Choláiste agus Comhairle na hOllscoile tar éis an plean straitéiseach seo a fhaomhadh. Tá ardfhreagracht ar Ghrúpa na nOifigeach Feidhmiúcháin, a bhfuil an Propast ina chathaoirleach air, fís an phlean straitéisigh a bhaint amach. Tá Grúpa na nOifigeach Feidhmiúcháin tar éis chur i bhfeidhm an phlean straitéisigh a dhéabhlóid don Ghrúpa Pleanála, a bhfuil an Leas-Propast/Príomh-Oifigeach Acadúil ina chathaoirleach air. I measc bhaill an Ghrúpa Pleanála tá triúr Déan Dáimh, Déan an Taighde, an Príomh-Oifigeach Oibriúcháin, an Cisteoir, an Rúnaí Acadúil, agus an Rúnaí Foirne.


Tá an struchtúr acadúil déabhlóidte a cuireadh i bhfeidhm in 2006–07 tar éis na Scoileanna a shocrú mar phríomhaonaid acadúla an Choláiste. Tá na scoileanna ina bpríomhspreagthóirí do shármhaitheas agus is iad na hionaid chomhordaithe maidir le teagasc agus maoirseacht ar thaighde. Bainfidh na Scoileanna amach na haidhmeanna de líon na mac léinn a mhéadú fad is a chuirfear feabhas leanúnach ar chaighdeán an teagaisc agus an taighde faoi cheannaireacht straitéiseach Dhéin na nDámh.

Cruthóidh gach Scoil plean straitéiseach, in éineacht le Déan na Dáimhe, lena n-áireofar cúrsaí foirne, líon mac léinn, gníomhaíochtaí taighde agus gníomhaíochtaí tacaíochta agus forrochtana do mhic léinn, a thagann ón bplean straitéiseach ardleibhéil seo don Choláiste, agus a oirfidh dó. Ar an gcaoi chéanna cumfaidh na réimsí riaracháin agus tacaíochta pleananna straitéiseacha a bheidh ina mboinn do phleanáil seirbhíse/gnó do 2009/10, agus do na blianta ina dhiaidh sin.

Cuirfidh Déin na nDámh agus an Príomh-Oifigeach Oibriúcháin próiseas bainistíochta agus tuairiscithe i bhfeidhm do na Scoileanna agus réimsí seirbhísí i leith sainchuspóirí réamhshocraithe, agus déanfaidh an Grúpa Pleanála maoirseacht air seo. Beidh an próiseas seo mar an phríomh-mheicníocht trína gcuirfear cinntí straitéiseacha an Ghrúpa Pleanála i bhfeidhm, agus tarlóidh sé i dtimthriall tuairiscithe bliantúil mar atá léirithe sa léaráid thíos. Déanfar pleananna a athbhreithniú agus spriocanna a athrú más gá le linn an timthrialla bliantúil i gcomhréir leis an timpeallacht athraitheach. Ar an taobh acadúil de, leanfaidh buiséadú an tsamhail dáilte acmhainní, agus beidh an mheadaracht deartha chun forfheidhmiú na ngníomhartha atá leagtha amach sa phlean straitéiseach a spreagadh. Ar an taobh riaracháin agus tacaíochta de, déanfaidh an mheadaracht feidhmíocht a thomhas de réir an phlean straitéisigh, agus dáilfear acmhainní ag brath ar spriocanna a bheith bainte amach.

Tosófar ar an bplean straitéiseach a chur i bhfeidhm le linn téarma na féile Michíl 2009.

## Próiseas na Pleanála Straitéisí














# 08

# Buíochas

**Dréachtaíodh Plean Straitéiseach 2009–2014 i ndiaidh phróiseas comhairliúcháin, inar aithníodh 11 théama san iomlán. Cuireadh Foirne Pleanála Straitéisí (FPS) ar bun déanta suas d'ionadaithe ó thrasghearradh de bhaill foirne acadúla, riaracháin agus tacaíochta chun a dtuairimí a thabhairt maidir le gníomhartha faoi gach téama. Táimid fíorbhuíoch as an gcabhair mhór a thug baill na FPS dúinn. Is iad seo a leanas ainmneacha Chathaoirligh agus bhaill na bhFoirne Pleanála Straitéisí:**

### Misean, Fís agus Luachanna
P. Prendergast (*Leas-Propast/Príomh-Oifigeach Acadúil, Cathaoirleach),* I. Bacik, T. Brown, C. Curtis, L. Doyle, C. Giltrap, M. Leahy, C. MacMaolain, J. McPartland, S. McCann, J. Murray, L. O'Neill, A. Piesse, E. Sagarra, N. Sparrow, S. Brown

### Teagasc agus Foghlaim Iarchéime
A. Douglas *(Léachtóir Sinsearach, Cathaoirleach)*, M. Fellenz, J. Gratton, R. Hodson, I. McGovern, J. McLoughlin, K. Mok, H. O'Hara, C. O'Sullivan, H. Sullivan, F. Timmins, V. Wade, A. Anderson

### Oideachas Iarchéime
C. O'Sullivan *(Déan na Staidéar Iarchéime, Cathaoirleach)*, K. Benoit, M. Causey, T. Connor, S. Draper, J. Fitzpatrick, R. Hodson, B. O'Connell, J. Potter, I. Rozas, S. Sanvito, J. Hill

### Taighde
D. Lloyd *(Déan an Taighde, Cathaoirleach)*, R. Adams, S. Allwright, V. Cahill, C. Comiskey, A. Corvin, S. Greene, P. Holm, P. Honohan, D. Murray, J. Walsh, A. Crosbie

### Nuálaíocht
E. Prosser *(Cathaoirleach)*, H. Acheson, M. Brady, J. Callaghan, P. Callaghan, S. Collins, J. Farrar, A. Lennon, D. Lloyd , M. Lynch, I. Shvets, A. Crosbie

### Rannpháirtíocht sa tSochaí
J. Barkhoff *(Cláraitheoir, Cathaoirleach)*, C. Brady, S. A. Fisher, M. Gleeson, E. Gorman, M. J. Gorman, C. Hannon, R. Lentin, C. McCabe, E. Punch, R. West, S. Brown

### Eispéireas na Mac Léinn
G. Whyte *(Déan na Mac Léinn, Cathaoirleach)*, D. Crossan, S. Gannon, R. Hodson, T. McAuley, J. O'Gorman, M. O'Regan, C. O'Reilly, F. O'Rourke, A. Piesse, E. Stokes, B. Tangney, C. Curtis

### Faisnéis a Sholáthar
J. Murphy *(Stiúrthóir Gníomhach na gCóras Faisnéis, Cathaoirleach)*, N. Brennan, H. Buckley, L. Coady, J. Dillon, A. Fitzgerald, J. Kurtz, E. O'Halpin, M. Linnie, T. Logan Phelan, F. Sheerin, K. Anderson

### Eastáit
P. Mangan *(Stiúrthóir na bhFoirgneamh, Cathaoirleach)*, V. Campbell, G. Daniels, L. Doyle, P. McDonnell, M. Murray, B. O'Hora, C. O Moráin, C. O'Reilly, S. Pavia, M. Radomski, R. Stalley, C. Gayton

### Acmhainní Daonna
T. McMahon *(Rúnaí Foirne, an Príomh-Oifigeach Oibriúcháin Eatramhach faoi láthair, Cathaoirleach)*, M. Bailey, P. Daly, L. Hogan, R. Keaveny, N. McCann, R. McDermott, K. O'Doherty, H. Rice, J. Saeed, A. Taylor, C. Williams, M. Dunne

### Airgeadas
I. Mathews *(Cisteoir, Cathaoirleach)*, J. Byrne, S. Flint, D. Lloyd, B. Lucey, M. Marsh, A. Mulcahy, M. O'Mahony, J. Parnell, D. Savage, N. Sparrow, B. Sweeney, P. Coote

Cuireadh na gníomhartha go léir a d'aithin gach FPS le chéile i gCreatdoiciméad don Phlean Straitéiseach agus eisíodh chuig na Scoileanna agus na réimsí Riaracháin/Tacaíochta iad le haghaidh measúnaithe. Táimid fíorbhuíoch do na hAonaid Acadúla agus Riaracháin as na freagraí a thug siad ar an gCreatdoiciméad. Thug roinnt mhaith daoine eile idir bhaill foirne, mhic léinn, alumni agus bhaill de bhoird chomhairleacha sheachtracha a gcuid tuairimí ag céimeanna criticiúla, agus táimid buíoch díobh chomh maith.

Is mór an pléisiúr é aitheantas a thabhairt don chabhair a thug an tUasal Sheena Brown agus an Dr Caitriona Curtis maidir le cur le chéile an phlean straitéisigh seo.

*Rinne Comhairle na hOllscoile an plean straitéiseach seo a fhaomhadh an 30 Meán Fómhair 2009, agus rinne Bord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath é a fhaomhadh an 7 Deireadh Fómhair 2009.*

## BORD

### BAILL EX OFFICIO

John Hegarty, B.SC., M.A., PH.D., SC.D., D.SC.(H.C.), LL.D.(H.C.), M.R.I.A. *PROPAST, CATHAOIRLEACH*
Patrick John Prendergast, B.A., B.A.I., PH.D., SC.D., M.R.I.A. *LEAS-PHROPAST*
Aileen douglas, M.A., PH.D., *LÉACHTÓIR SINSEARACH*
Jürgen Barkhoff, M.A., DR.PHIL., *CLÁRAITHEOIR*
Margaret Mary O'Mahony, B.E., M.A., D.PHIL., *SPARÁNAÍ*

### BAILL TOFA

Shane Patricia Ann Allwright, M.A., M.S.P.H., PH.D. (2008–12)
Cormac Cashman (2009–10)
Geraldine Mary Clarke, M.A. (2005–10)
Mary Anne Coffey, M.A., H.D.C.R., T.D.C.R. (2009–12)
Peter Gerard Connell, M.A. (2009–10)
Ashley Cooke, B.A. (2009–10)
William Joseph Dowling, B.E., M.ENG.SC. (2008–12)
Ronan Hodson, B.A. (2009–10)
Eoin Mac Cárthaigh, B.A., PH.D. (2005–10)
Anthony McElligott, B.SC., D.PHIL. (2008–10)
John Finlay McGilp, M.A., PH.D., M.R.I.A. (2008–12)
Kieran Joseph McGinley, B.A., PH.D. (2008–12)
Peggy Murphy (2008–12)
Cónán Ó Broin (2009–10)
Eunan James O'Halpin, M.A., PH.D., M.R.I.A. (2008–12)
Desmond O'Neill, M.A., M.D. (2008–12)
Amanda Jocelyn Piesse, B.A., D.PHIL. (2005–10)
Henry Joseph Rice, B.E., M.A., PH.D. (2007–10)
Sinéad Marie Ryan, M.SC., PH.D. (2007–10)
David Michael Singleton, B.A., PH.D. (2008–12)
Brian Noel Sweeney, B.E., M.B.A. (2005–10)
Jagdish Kumar Vij, M.A., M.SC., PH.D., SC.D., M.R.I.A. (2006–10)

### I LÁTHAIR—EX OFFICIO

AN RÚNAÍ—Anne Fitzgerald, B.A., M.SC., A.C.I.S.
AN CISTEOIR—Ian Mathews, B.COMM., M.A., F.C.A.
AN PRÍOMH-OIFIGEACH OIBRIÚCHÁIN—Patrick Anthony McMahon, B.COMM, M.B.S., F.C.I.P.D. (EATRAMHACH)

## COMHAIRLE

### BAILL EX OFFICIO

AN PROPAST—John Hegarty, B.SC., M.A., PH.D., SC.D., D.SC.(H.C.), LL.D.(H.C.), M.R.I.A. *CATHAOIRLEACH*
AN LEAS-PHROPAST—Patrick John Prendergast, B.A., B.A.I., PH.D., SC.D., M.R.I.A.
AN CLÁRAITHEOIR—Jürgen Barkhoff, M.A., DR.PHIL.
AN LÉACHTÓIR SINSEARACH—Aileen Douglas, M.A., PH.D., *SECRETARY*
AN TOIDE SINSEARACH—Myra O'Regan, B.A., M.SC., PH.D.
DÉAN NA STAIDÉAR IARCHÉIME—Carol Ann O'Sullivan, B.A., M.SC., PH.D.
DÉAN AN TAIGHDE—David George Lloyd, B.SC., PH.D.

## Ionadaithe na nDámh

### NA hEALAÍONA, DAONNACHTAÍ AGUS NA hEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA

Michael Anthony Marsh, M.A., PH.D., *DÉAN*
Claire Laudet, M.A., DOCT. (3E CYCLE) (2009–12)
Eoin O'Dell, B.C.L., M.A., LL.M., PH.D. (2009–12)
Mícheál Ó Siochrú, M.A., PH.D. (2009–12)
James John Rufus Wickham, B.SC. (SOC.), M.A., D.PHIL. (2009–12)

### INNEALTÓIREACHT, MATAMAITIC AGUS EOLAÍOCHT

David Clive Williams, B.SC., M.A., PH.D., M.R.I.A., *DÉAN*
John Aidan Fitzpatrick, M.A., PH.D., D.SC., M.R.I.A. (2008–10)
Vincent Patrick Kelly, B.A., PH.D. (2008–10)
Michael Edward Gerard Lyons, B.SC., M.A., PH.D. (2008–10)
Declan O'Sullivan, B.A., M.SC., PH.D. (2008–10)

### NA hEOLAÍOCHTAÍ SLÁINTE

Colm Antoine O'Moráin, M.A., M.SC., M.D., D.SC., D.SC.(H.C.), *DÉAN*
Damien Brennan, M.A., M.EQUAL.S., M.ED., PH.D. (2008–11)
Mary McCarron, B.N.S., M.A., PH.D. (2008–11)
Marek Witold Radomski, M.A., M.D., PH.D., D.SC. (2008–11)
[folamh (1)]

## Ionadaithe an tSeanaid

Deirdre Flynn, M.A., M.SOC.SC. (2008–10)
Anne Marie O'Gara, B.ED., M.ST., PH.D. (2008–10)

## Ionadaí na foirne taighde

Fiona Walsh, B.SC., PH.D. (2009–10)

## Ball comhthofa

DÉAN NA MAC LÉINN—Gerard Francis Whyte, B.C.L., M.A., LL.M., LL.D.

## Ionadaithe na mac léinn

OIFIGEACH OIDEACHAIS AONTAS NA MAC LÉINN—Ashley Cooke, B.A.
LEAS-UACHTARÁN AONTAS NA MAC LÉINN IARCHÉIME—Alexandra Murphy, B.A., M.PHIL.
CEATHRAR IONADAITHE EILE AR SON NA MAC LÉINN—Nicholas Timmon, Fearghal Hughes, Aidan O'Callaghan, Michelle Furlong

### I LÁTHAIR—EX OFFICIO

AN PRÍOMH-OIFIGEACH OIBRIÚCHÁIN—Patrick Anthony McMahon, B.COMM., M.B.S., F.C.I.P.D. *(EATRAMHACH)*
AN RÚNAÍ—Anne FitzGerald, B.A., M.SC., A.C.I.S.
AN LEABHARLANNAÍ—David Robert Hutchinson Adams, M.A.
AN RÚNAÍ ACADÚIL—Patricia Callaghan, M.A., M.SC. (MGMT)

**GRIANGHRAFADÓIREACHT:**
Lch. 5-6, Cúlra: John Arrigan – Mac Léinn. Lch. 27, Ar bun, ar dheis: Paul Gallagher – Mac Léinn.
Íomhánna © 2009 Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
**DEARADH:**
Detail. Design Studio

**www.tcd.ie** Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2, Éire.